An tÚdarás
Talmhaíochta
agus Forbartha Bia



# Tuarascáil Bhliantúil 2011 agus Ráitis Airgeadais

Teagasc

Agriculture and Food Development Authority

# Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2011 bunaithe ar na spriocanna a leagadh síos i Ráiteas Straitéise de chuid Teagasc. Is i gcomhthéacs na spriocanna seo a dhéantar cur síos ar shamplaí de mhóreachtaí a baineadh amach agus ar na príomhfhorbairtí a rinneadh sna Stiúrthóireachtaí Taighde, Aistrithe Eolais agus Oibríochtaí.

Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil an Stiúrthóra | 4 |
| Baill an Údaráis | 6 |
| Baill Choiste an Údaráis | 6 |
| An Bhainistíocht Shinsearach | 8 |
| Cairt Eagraíochtúil | 9 |
| Oifigí agus Ionaid Theagais | 10 |
| **Spríoc 1** – Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair i gcoitinne a fheabhsú | 11 |
| **Sprioc 2** – Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol | 25 |
| **Sprioc 3** – Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht an tsaoil faoin tuath a fheabhsú | 33 |
| **Sprioc 4** – Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead | 41 |
| Ráitis Airgeadais | 51 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 62 |

# Ráiteas an Chathaoirligh



Ba bhliain iontach é 2011 don fheirmeoireacht agus don tionscal talmhaíochta. Chuidigh praghsanna láidre na bpríomhtháirgí feirme: bainne, mairteoil agus grán an t-ioncam feirme ar an meán a mhéadú go leibhéil níos airde. Leanann feirmeoireacht na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta ar aghaidh ag forbairt de réir mar a théann siad i dtreo an lae ina mbeidh saorchuóta ann don tionscal déiríochta. Tá an roinn agraibhia i dtimpeallacht ghnó atá níos mó margadhthiomáinte.

In 2011, mhéadaigh easpórtálacha agraibhia agus deochanna Éireannacha ó leibhéil 2010, agus beagnach €8.9 billiún a bhaint amach, beagnach 10% de na heaspórtálacha in Éirínn agus bheith ina chúis le 7.5% den fhostaíocht iomlán sa tír.

Ar cheann de phríomhbhunchlocha tógála an tionscail í nuálaíocht theicniúil dhaingean eolaíochtbhunaithe. Tá na naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla atá ag Teagasc le hollscoileanna agus institiúidí taighde, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta criticiúil chun eolas a roinnt agus an bunachar eolais a mhéadú sa tír.

Le bliain anuas, síníodh comhpháirtíocht oideachais fhoirmiúil agus taighde idir Teagasc agus Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus cabhraíonn sé seo leis an taighde gann agus an acmhainn oideachais a chruthú sa tír, chun feabhsú a dhéanamh ar earnáil an agraibhia leis an gcomhaontas foirmiúil idir Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, i dteanna leis an gcomhaontú foirmiúil idir Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

D'oibrigh Teagasc go dlúth le heagraíochtaí eile sna tionscail talmhaíochta agus bhia, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá na nascanna seo ríthábhachtach do Theagasc chun na cláir a sheachadadh chuig na cliaint agus páirtithe leasmhara eile.

I rith na bliana, gabahdh buíochas mór leis an tacaíocht a fuair an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney le haghaidh na gclár atá á leanúint ag Teagasc. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don Aire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Shane McEntee T.D.

Oibríonn Teagasc go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta ar gach leibhéal, go háirithe le hArd-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Tom Moran.

D'atheagraigh Teagasc seachadadh a n-oideachais agus a gcúrsaí traenála chun freastal a dhéanamh ar an éileamh méadaithe ar spásanna i dteannta le ciorrú líon na foirne. Tá an t-athstruchtúrú den tseirbhís comhairle ag déanamh forbartha ar an eagraíocht chun freastal ar ár gcliaint sa todhchaí. Dhún Teagasc 36 oifig ó chomhaontú Chlár Athraithe Theagaisc in 2009. D'imigh an stiúrthóireacht taighde ó léasanna de thalamh i Baile Dhabhag i Corcaigh agus Eagles Farm i mBaile Átha an Rí le bliain anuas. Tá ag éirí go maith leis an ngluaiseacht foirne ón ionad i gCionn Sáile i mBaile Átha Cliath, a bheidh ag dúnadh, go dtí campus Bhaile an Ásaigh i mBaile Átha Cliath. Go ginearálta, tá uimhreacha foirne i dTeagasc laghdaithe ó 1,574 i 2008, go 1,189 ag deireadh na bliana 2011, agus coimeádadh an t-aschur agus na seirbhísí.

Bá é €173.276 milliún ioncam iomlán Theagaisc le haghaidh 2011, gan glanmhaoiniú iarcurtha le haghaidh pinsean a chur san áireamh, agus is méadú é seo ó €165.44 milliún in 2010.

Mhéadaigh an caiteachas reatha ó €166.63 milliún, gan glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean a chur san áireamh, go €174.23 milliún agus nuair a chuirtear é sin san áireamh leis an ngluaiseacht €5,000 i gcúlchistí Caipitil, tá ísliú foriomlán €0.959 milliún i gCúlchistí an Chuntais

**Ioncaim sa bhliain.**


Le linn na bliana, d'fháiltíomar Tommy Cooke go Bord Theagaisc, tar éis gur cheap an tAire é mar ionadaí ICMSA. Cuireann Tommy taithí fhairsing i bhfeirmeoireacht phraiticiúil, chomh maith lena obair i ngrúpaí pobail agus feirme le cúrsaí. Gabhaim buíochas le Joe Fitzgerald mar gheall ar a ranníocaíocht luachmhar le Teagasc mar chomhalta boird ónar ceapadh i nDeireadh Fómhair 2001 é. Bhí a eolas ar earnáil na déiríochta agus ar riachtanais oideachasúla agus chomhairleacha na dtáirgeoirí bainne agus na bhfeirmeoirí eile ina chúnamh mór.

Tá baill an Údaráis tiomanta go mór do Theagasc agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an ranníocaíocht i rith na bliana seo a chuaigh thart. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an stiúrthóir, Gerry Boyle, as ucht a bhainistíochta den eagraíocht. Táim buíoch as díograis na foirne bainistíochta agus na foirne go léir as ucht a gcuid oibre.


**An Dr Noel Cawley**
Cathaoirleach Údarás Theagaisc

# Tuarascáil an Stiúrthóra

**Cinn scríbe Easpórtálacha Bhia Talmhaíochta na hÉireann 2011 Luach €8.85 billiún**




**Dáileadh Easpórtálacha Agraibhia agus Deochanna de réir Roinne Luach €8.85 billiún**






Rinne feirmeoireacht agus an tionscal agraibhia dul chun cinn socair le linn 2011, ag cruthú gníomhaíocht thábhachtach eacnamaíoch i gceantair thuaithe agus tuillimh easpórtála le haghaidh na tíre. Shroich an meánioncam feirme teaghlaigh leibhéil nach bhfacthas riamh in 2011 - €24461 ar an meán, arna thomhas ag an Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha Theagaisc. B'ionann meánioncam na bhfeirmeacha tráchtála lánaimseartha, a bhfuil thart ar 30,000 acu ann, agus €56,413 an bhliain seo caite.

Tá buntáiste comparáideach ag ár gcórais ísealchostais fhéarbhunaithe táirgthe in Éirinn sa talmhaíocht Eorpach, rud a spreagann feirmeoirí agus an tionscal bia na deiseanna chun fás a dhéanamh agus na cuspóirí imlínithe sa phlean Fhómhair Bia 2020 a bhaint amach le haghaidh na hearnála seo.

Soláthraíonn Teagasc, trína ngníomhaíochtaí comhtháthaithe taighde, a ngníomhaíochtaí comhairleacha agus oideachais - an t-ardán teicneolaíochta eolaíche chun an seasamh iomaíoch na hÉireann a choimeád agus dul chun chinn a dhéanamh air maidir le déirí, mairteoil, caoirigh, muca agus táirgeadh barr.

Ar an iomlán, chláraigh 1,322 mac léinn i gcúrsaí Theagaisc lánaimseartha sa bhliain 2011-2012. Tá méadú 180 mac léinn i gceist anseo orthu siúd atá ag freastal ar choláistí talmhaíochta agus gortóireachta agus 102 mac léinn a tá ag freastal ar Ionaid Réigiúnacha Oideachais Theagaisc, os cionn leibhéil 2010.

## Fás ar Ghrúpaí Díospóireachta

Tá béim mhéadaithe inár tseirbhís chomhairleach chun níos mó teicneolaíochta a sheachadadh d'fheirmeoirí trí ghrúpaí díospóireachta. Rinneadh athfhocasú ar an gclár Gnó agus Teicneolaíochta i measc na ngrúpaí díospóireachta. Thionóil an Clár Éifeachtúlacht Déiríochta (DEP) níos mó feirmeoirí i ngrúpaí díospóireachta atá éascaithe ag comhairleoirí Theagaisc, rud a chruthaigh tairbhe dá gcuid gnó feirme. Mhéadaigh rannpháirtíocht i ngrúpaí díospóireachta d'fheirmeoirí déiríochta ó 2,500 go 5,500 ó 2009.

D'oibrigh Teagasc go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an Clár Glactha Teicneolaíocht Mhairteola (BTAP) a chruthú le haghaidh feirmeoirí stoic thirim. Tugadh isteach seo in 2012 le níos mó ná 5,000 feirmeoir i ngrúpaí díospóireachta mairteola arna éascú ag Teagasc. In iomlán trasna na gnóthais déirí, stoc tirim agus curaíochta, bhí 506 grúpaí díospóireachta ag oibriú i 2011, agus tá sé seo méadaithe go mór i 2012 le tabhairt isteach an BTAP.

Trí chomhairliúchán leanúnach leis an tionscal trí ghrúpaí fiontar páirtithe leasmhara Theagaisc, coimeádann na cláir thaighde agus comhairleach a mbaint i bhfeirmeoireacht tráchtála. Seoladh agus rinneadh coomhchláir dhéiríochta nua a athnuachan le comhpháirtithe in 2011, le haontú sroichte le Dairygold, Glanbia agus Kerry le linn na bliana. Bhunaigh Comharchumainn Chairbre agus Iarthar Chorcaí feirm dhéiríochta nua Greenfield, agus sholáthair Teagasc seirbhísí comhairleacha dá bhfeidhmiú. I dtaobh na mairteola, tá Teagasc ag oibriú go dlúth leis na trí phríomhphróiseálaí mairteola. Seoladh straitéis nua aistrithe eolais agus taighde faoi chaoirigh de chuid Theagaisc. Cuimsíonn seo bunú taispeántas feirme de thaighde ar chaoirigh atá suite i gCampus Mhaoilíosa Theagaisc i mBaile Átha an Rí.

## Feirmeoireacht Inbhuanaithe

Caithfidh córais táirgthe bia a bheith inmharthana sa todhchaí. Díríonn clár comhairleach agus taighde comhshaoil Theagaisc ar ithreacha, uisce agus straitéisí maolaithe chun gáis cheaptha teasa agus an lorg carbóin a chruthaítear ag táirgeadh talmhaíochta a laghdú. Aontaíodh agus seoladh an dara céim de chláir dhobharcheantair thalmhaíochta ag comhdháil idirnáisiúnta eolaíochta i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath. Is comhthionscnamh é Clár Dobharcheantair Thalmhaíochta leis an DAFM agus an Roinn Comhshaoil, ag breathnú ar thionchar cleachtais thalmhaíochta ar chaighdeán an uisce.

D'ullmhaigh Grúpa Oibre Theagaisc um Gháis Cheaptha Teasa nóta mionteagaisc ar iniúchtaí Carbóin le haghaidh thalmhaíocht na hÉireann. Nóta mionteagaisc ar leith ar Astuithe Gáis Cheaptha Tteasa le haghaidh thalmhaíocht na hÉireann: Bhí na hiarmhairtí a eascraíonn as na Spriocanna um Fhómhar Bia ullmhaithe agus foilsithe chomh maith.

## Nuálaíocht i dTaighde Bia

Tá idirghníomhú bríoch ag taighdeoirí bia Theagaisc i mBaile an Ásaigh agus sa Chloch Liath lena mhéid agus 300 comhlachta bia ar bhonn bliantiúil, ag cabhrú leo teacht ar réitigh mhargadhbhunaithe nuálaíocha.

Seoladh an comhthionscnamh nua idir an Clár Bia Theagaisc agus an Bord Bainne ag an Aire Coveney in 2011. Tá ár dtaighde in earnáil an phróbhithigh lenár gcomhpháirtí in COC ar an taighde is fearr, agus tá ár saineolas i gcomhábhair bhainne foirmle do naíonáin ag cuidiú le roinnt de na cuideachtaí domhanda bainne foirmle do naíonáin is mó. Rinne taighdeoirí Theagaisc iomaíocht rathúil le haghaidh ciste taighde ó chreatchlár 'Seven' an Aontais Eorpaigh agus fuarthas €3.6 milliún in 2011.

Le linn 2011, bhí scéim luathscoir dheonach agus scéim iomarcaíochta deonaí feidhmithe. Chomh maith leis sin, d'aistrigh seisear foirne riaracháin ó Theagasc trí athfhostú seachtrach chuig codanna eile don tSeirbhís Phoiblí.

Ba thionscnamh an-úsáideach agus éifeachtach i mbliana é "an Chomhdháil Uile-Fhoirne". Molann aiseolas na rannpháirtithe gur cuireadh feabhas ar chumarsáid inmheánach na foirne agus ar a dtuiscint ar chuspóirí Theagaisc ag an ócáid. Thug an chomhdháil deis don foireann na dúshláin straitéise a phlé go díreach le Lucht Bainistíochta Theagaisc.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil do mo leathbháidóirí i dTeagasc agus na hiar-leathbháidóirí a d'imigh nó a chuaigh ar scor i rith na bliana, as ucht a gcuid oibre, a dtiomantais agus a ndúthrachta do Theagasc.

**An tOllamh Gerry Boyle**
Stiúrthóir

# Údaráis Theagaisc



1. An tUasal Frank O'Mahony – Ainmnitheach Mhacra na Feirme, 2. An tUasal Joe Fitzgerald – Ainmnitheach ICMSA.
3. An tUasal Margaret Sweeney – Ionadaí an tAire 4. An tUasal Tom Collins – Ionadaí an tAire
5. An tUasal Padraig Gibbons – Ainmnitheach an ICOS (Eanáir 2010), 6. Dr. Noel Cawley – Cathaoirleach – Teagasc.
7. An tOllamh Patrick Fottrell – Ionadaí an Aire, 8. An tUasal Marie Christie – Ionadaí Foirne.
9. An tUasal Eddie Downey – Ainmnitheach an IFA, 10. An tUasal James J Brett – Ionadaí an Aire,
11. An tUasal Martin Heraghty – Ionadaí an Aire.

## Tinreamh ar Chruinnithe an Údaráis *

| Ainm | 12 Ean | 02 Fea | 02 Már | 06 Aib | 04 Bea | 1Meit | 06 Iúil | 07 M.F. | 05 D.F. | 02 Sam | 07 Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cawley, Dr. Noel, Cathaoirleach | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Brett, James | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Christie, Marie | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Collins, Tom | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Cooke, Tommy | | | | | | | | | ● | ● | ● |
| An tUasal Downey, Eddie | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | ● |
| An tUasal Fitzgerald, Joe | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | |
| An tUasal Fottrell, Professor Patrick | | ● | ● | ● | ● | ● | ● | | | ● | ● |
| An tUasal Gibbons, Padraig | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Heraghty, Martin | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal O'Mahony, Frank | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| An tUasal Sweeney, Margaret | ● | ● | | ● | ● | ● | ● | ● | | ● | |

*Tháinig Tommy Walsh in ionad Joe Fitzgerald ó Chruinniú Údaráis i mí Dheireadh Fómhair i leith.*
*Nóta: Cúirtear an sceideal tinrimh ag cruinnithe seo ar fáil de réir alt 3.8 den Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit dar dáta Meitheamh 2009.*

## Coiste Iniúchta:

| | 12 Aib | 06 Iúil | 17 D.F. | 07Nol |
|---|---|---|---|---|
| Brett, An tUasal James (Cath) | ● | ● | ● | ● |
| Gibbons, An tUasal Pádraig | ● | ● | ● | ● |
| Heraghty, An tUasal Martin | ● | ● | ● | ● |
| Sweeney, An tUasal Margaret | ● | ● | ● | ● |

## Coiste Comhairleach agus Oideachais

| | 26 Aib | 21 Sam |
|---|---|---|
| O'Mahony, An tUasal Frank (Cath) | ● | ● |
| Fitzgerald, An tUasal Joe | ● | ● |
| Downing, An tUasal Eddie | ● | ● |
| Gibbons, An tUasal Padraig | ● | ● |
| Christie, An tUasal Marie | ● | ● |

## Coiste Taighde

| | 02 Mar | 8 Mei | 21 Sam |
|---|---|---|---|
| Fottrell, An tOllamh Patrick (Cath) | ● | ● | ● |
| O'Mahony, An tUasal Frank | ● | ● | ● |
| Downey, An tUasal Eddie | ● | ● | ● |
| Christie, An tUasal Marie | ● | ● | ● |
| Collins, An tUasal Tom | | | ● |

## Coiste Airgeadais

| | 01 Mei |
|---|---|
| Heraghty, An tUasal Martin (Cath) | ● |
| Cawley, An Dr Noel | ● |
| Fitzgerald, An tUasal Joe | ● |
| Brett, An tUasal James | ● |



Mr. Tommy Cooke

Ceapadh an tUasal Tommy Cooke le hÚdarás Theagaisc ag Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney T.D. agus d'fhreastail sé ar a chéad chruinniú den Údarás Dé Céadaoin an 5 Deireadh Fómhair.

Is feirmeoir déiríochta agus mairteola é Tommy Cooke arb as Raithneach Mhór, an Ghráinseach, Bearna, Durlas, Contae Thiobráid Árann dó. Is baill de bhord náisiúnta an ICMSA é agus ba chathaoirleach é ar choistí forbartha déiríochta agus tuaithe an ICMSA.

Is cathaoirleach agus baill bunaithe é de Mheitheal na Gaoithe (Irish wind Farmers Cooperative Society Ltd) agus is cathaoirleach chomh maith é ar Barrow, Nore, Suir Rural Development LTD. Tá sé gníomhach, chomh maith, in eagraíochtaí pobail agus san earnáil fuinnimh in-athnuaite. Tháinig sé in ionad Joe Fitzgerald ar an Údarás.

# An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí



An tOllamh Gerry Boyle
*Stiúrthóir*



An Dr Frank O'Mara
*Stiúrthóir Taighde*




An tUasal Tom Doherty
*Príomhoifigeach Oibriúcháin*




An Dr Tom Kelly
*Stiúrthóir Aistriú Eolas*

# Cairt na hEagraíochta *Eanáir 2012*



# Oifigí agus Ionaid Theagaisc



An tÚdarás
Talmhaíochta
agus Forbartha Bia

# Cuspóir 1

## Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú

## Léarscáileanna Bóithre le haghaidh Earnáil an Bhia agus na Feirmeoireachta

Léiríonn tuarascáil an Fhomhair Bhia 2020 cuspóirí uaillmhianacha le haghaidh thionscail an bhia agus na talmhaíochta. Thug Teagasc breac-chuntas ar na forbairtí atá ag teastáil do gach ceann de na mórfhiontair feirmeoireachta agus d'earnáil an bhia thar na seacht mbliana amach romhainn go dtí 2018.

Tugtar achoimre sna naoi léarscáil bhóithre de chuid Theagaisc ar dhéirí, laonna mairteola, caoirgh, muca, curaíocht, gairneoireacht, foraoiseacht agus an comhshaol, i measc na n-athruithe ionchasacha ar chruth agus ar mhéid na n-earnálacha aonair i gcomhthéacs an phríomhmhargaidh agus na bpríomh-shaincheisteanna beartais atá in éadán táirgeoirí Éireannacha i ngach fiontar.

Léiríonn na léarscáileanna bóithre go sonrach an fheidhmíocht theicniúil atá ag teastáil ar leibhéal na feirme chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Tugann siad aird ar na himpleachtaí comhshaoil agus úsáid tálún de chuid na n-athruithe seo agus Fhómhar Bia 2020. Fiosraíonn léarscáileanna bóithre Theagaisc na gníomhartha taighde agus comhairleacha atá ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt d'earnáil an agraibhia chun a cumas a ghnóthú.

## Scéim Rathúil Íocaíochta Feire Singil

Chríochnaigh Teagasc 31,703 iarratas ar líne le haghaidh na Scéim Íocaíocta Singil thar ceann na gcliant feirmeoireachta in 2011. Is ionann seo agus beagnach 80% de na 40,000 iarratas SPS a rinneadh trí oifigí Theagasc.

Bhí méadú 30% ar na hiarratais a próiseáladh i dTeagasc ar líne ó na 24,000 a bhí críochnaithe in 2010 agus ionadaíonn siad líon mór de na 54,000 iarratas a dhéantar ar líne ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. (DAFM)




*An tOllamh Gerry Boyle, an Dr Tom Kelly agus an Dr Noel Culleton ag lainseáil "Léarscáilanna Bóithre Teagasc"*

## Comhchláir Chomhairleacha le Cuideachtaí Déiríochta

Rinneadh comhchláir le roinnt cuideachtaí déiríochta a athnuachan in 2011agus lainseáladh comhchláir nua idir Teagasc agus Dairygold a dearadh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar bhrábhús na bhfiontar feirme de sholáthraithe bainne Dairygold.

Beidh an clár trí bliana ar siúl ó 2011 go 2013. Bunaíodh naoi bhfeirm taispeáintais Dairygold nua, a oibreofar mar aonaid sár-thaispeántais do na cleachtais is déanaí maidir le féarach, fearachas déiríochta agus shláinte eallaigh ó Ionad Nualaíochta agus Taighde Féaraigh agus Ainmhithe Theagaisc, an Chloch Liath.

Cruthaíonn na feirmeacha taispeántais nascanna riachtanacha idir forbairt teicneolaíocht nua ar leibhéal taighde agus glacadh leis na cleachtais seo ar fheirmeacha.

Is seo an ceathrú clár i sraith comhchlár idir Dairygold/Teagasc, ina bhfacthas níos mó ná 1,100 soláthraí bainne Dairygold ag comhoibriú i gceann de na 67 grúpa díospóireachta.

Beidh Comhchlár Déiríochta Theagaisc/Ghlanbia, lenar aontaíodh in 2011, ar bun ar feadh trí bliana. Is é cuspóir foriomlán an chomhchláir na feirmeoirí déiríochta a lonnú i limistéar Ghlanbia chun leas a baint as na deiseanna borrtha a eascróidh roimh 2015.

**Tá cúig chuspóirí ag an gComhchlár:**

- Aistriú eolais agus glacadh le cleachtais a fheabhsú.
- An úsáid a bhaintear as féar a mhéadú
- Táirgeadh dlúthbháinne in aghaidh na bó agus in aghaidh an heicteáir.
- Torthúlacht an tréada agus an pátrún breithe a fheabhsú.
- Pleanálaí airgeadais agus rialú costas arna bhfeabhsú.

## Lámhleabhar Déiríochta Theagaisc

De réir mar a thosaíonn na feirmeoirí ag pleanáil agus ag ullmhú do na hiarcúotaí domhanda, chuir Teagasc lámhleabhar cuimsitheach ar fáil le haghaidh feirmeoirí reatha agus feirmeoirí féideartha – Lámhleabhar Déiríochta Theagaisc (TDM).

Beidh an lámhleabhar, a lainseáil an tUasal Simon Coveney, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara ina acmhainn phraiticiúil le haghaidh feirmeoir ar bith ag a bhfuil todhchaí á pleanáil aige sa déiríocht. “Bailíonn Lámhleabhar Déiríochta Theagaisc, i bhfoilseachán amháin, comhairle phraiticiúil agus ghonta ar shaincheisteanna straitéiseacha, oibriúcháin agus gnó atá in éadan feirmeoirí reatha agus feirmeoirí féideartha”, a dúirt an tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Theagaisc.

Caithfidh feirmeoirí atá ag déanamh pleanála chun a mbrabús a mhéadú nuair atá críoch curtha leis na cuótaí a bheith cúramach agus tá pleanáil gnó agus bainistíochta tionscnaimh luaite sa lámhleabhar.



*An tOllamh Gerry Boyle, Simon Coveney T.D, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Eagarthóir Theagaisc, Mark Moore ag an lainseáil.*




Ba cheann de na phríomhiarratais ó na feirmeoirí déiríochta ba mhó é ‘éascacht nascleanúna’ nuair a chuaigh siad i gcomhairle faoi céard is ceart a bheith sa lámhleabhar agus conas is ceart dóibh é a leagan amach. Méadaíonn na míreanna seicliostaí, príomhrioscaí, agus treoracha conas rud éigin a dhéanamh éascacht úsáide an léitheora.

Tugann an lámhleabhar le chéile ionchur ó chomairleoirí déiríochta túslíne Theagaisc, saineolaithe déiríochta Theagaisc, léachtóirí coláistí déiríochta Theagaisc agus eolaithe taighde, tréidlianna agus eacnamaithe Theagaisc. Cuimsíonn Lámhleabhar Déiríochta Theagaisc ábhar ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Sláinte Ainmhite Éireann.

# Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú

## Cláir na nGrúpaí Díospóireachta

Le linn 2011, d'oibrigh Teagasc leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tionscnamh nua a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt d'fheirmeoirí eallaigh glacadh le teicneolaíocht nua chun feabhas a chur ar a gcuid gnó mairteola.

Tá an Clár Glactha Teicneolaíocht Mhairteola (BTAP) bunaithe ar shamhail den ghrúpa díospóireachta, a chuireann dreasacht ar fáil d'fheirmeoirí bheith rannpháirteach i ngrúpaí chun táirgeadh agus brábhús a bhfiontar mairteola a mhéadú.

Tá a mhéid le 100 comhairleoir de chuid Theagaisc ag éascú grúpaí díospóireachta feirmeorí timpeall na tíre agus a mhéid le 5,000 feirmeoir rannpháirteach iontu.

## Meabhrán Tuisceana Gairneoireachta

Shínigh Teagasc Meabhrán Tuisceana in 2011 leis an gCuideachta Forbartha Gairneoireachta (HDC) sa Ríocht Aontaithe, chun méadú a chur ar an gcomhoibriú idir an dá eagraíocht chun sochair earnáil na gairneoireachta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.


Is ránnan den Bhord Forbartha Talmhaíochta agus Gairneoireachta iad an HDC sa Ríocht Aontaithe agus tá siad bunaithe in Stoneleigh Park i Sasana. Urraíonn an HDC taighde agus forbairt garmhargaidh agus déanann siad ranníocaíocht mhór le brábús an tionscail ghairneoireachta sa Bhreatain.

Tá dualgas ar an HDC i leith níos mó ná 300 curaíocht, ag tacú taighde i seacht limistéar gairneoireachta: Bleib agus Bláthanna Lasmuigh, Glasraí Faiche, Stoc Crua Plandlainne, Muisiriúin, Bbarra faoi Chosaint, Torthaí Boga agus Torthaí Crainn. Imríonn na saothróirí agus na feirmeoirí ról ríthábhachtach ag eagrú straitéis taighde i ngach ceann de na seacht roinn churaíochta agus sa phróiséis cinnteoireachta le haghaidh na dtionscnamh aonair thaighde.

## Treoir chun Glasraí a Fhás

Rinneadh foilseachán móréilimh Theagaisc, 'Treoir chun Glasra a Fhás' a nuashonrú agus leathnú chun toipicí nua a chuimsiú, mar shampla, saothrú plandaí ó shíol agus uisciú curaíocht ghlasraí. Tá an leabhar seo lán le leideanna agus comhairle ar conas gach glasra ó A-Z a fhás.

Téitear i ngleic leis na síorfhadhbanna leanúnacha lena mbaineann péisteanna agus galair chomh maith le réitigh mholta. Tá an béim ar rialú cultúrtha agus fisiciúil in ionad a bheith ag brath ar lotnaidicídí.
Tá táblaí ré-thagartha ann chomh maith ina leagtar amach séasúir tháirgthe, spásáil plandaí, cur, dátaí plandaithe agus fómhair le haghaidh na mbarr go léir atá luaite sa phríomhthéacs. Tá cóip den treoir le híoslódáil ó shuíomh idirlín Theagaisc.






*An Dr Noel Cawley ag caint ag Comhdháil Eachaí Bhliantúil Theagaisc 2011.*

## An Chomhdháil Eachaí

The Tá Comhdháil Eachaí Náisiúnta bhliantúil Theagaisc 2011 "ag cur le neart an chapaill Éireannaigh", agus tá sí dírithe ar phórú agus margú úrscothach. Dúirt saineolaí eachaí Theagaisc, Declan McArdle "Nuair a dearadh suíomh idirlíon chun capaill a mhargú, ní mór dúinn breathnú anois ar dhearadh leathanaigh d'úsáideoirí gutháin chliste."

Chuir saineolaí eachaí Theagaisc, Wendy Conlon, torthaí forbhreathnaithe staitistiúil ar fheidhmíocht an chapaill spóirt Éireannaigh in eachléimn. D'aimsigh an staidéar gur imigh 75% de na capaill grand prix 1m50 ar a ndearnadh staidéar ar aghaidh chuig leibhéil idirnáisiúnta, agus nár imigh ach 20% díobh siúd a bhí rathúil i sraitheanna capaill óga in 2002/2003 chun seasaimh a fháil ar leibhéil grand prix agus idirnáisiúnta.

Nuair a aonraítear láir a rugadh ó 1990 i leith a rug ar capaill iomadúla rathúla, bhí líne mháithreachta ag 75% díobh a chruthaigh capall amháin, ar a laghad, a bhain babhtaí glana dúbailte amach ar leibhéil 1m30, nó gurbh í an láir í féin a rinne amhlaidh. Tugann seo chun solais ábharthacht líne mháithreacht feidhmíochta nuair a bhíonn capaill eachléime á bpórú

## An Roinn Forbartha Muc


Buntacaíonn an Roinn Forbartha Muc le hearnáil muc na hÉireann trí thaighde, comhairle agus traenáil a chur ar fáil.

### Comhairle agus Traenáil

Lainseáladh an Clár "Dá mhuc as seacht dtonna beatha" ("Two from Seven"). Is iad Taifeadadh PigSys, cuairteanna feirme agus ullmhúchán plean gnó na príomhlimistéir den chlár seo. Bhí an tinreamh bá mhó ar Chomhdhálacha Bliantúla na bhFeirmeoirí Muc (Níos mó ná 300 feirmeoir thar dhá lá.) Tosaíodh dhá Chúrsa Muc leibhéal 6 sa Chloch Liath agus i mBéal Átha hÉis. Eagraíodh ceardlanna reigiúnacha le réimse leathan ábhar.

### Taighde

Cuimsíonn taighde leanúnach bainistíocht agus oiliúint muc, measúnú sábháilteachta ar chomhábhair bheatha GM, leitheadúlacht agus na tosca riosca a bhaineann le hainmhithe bacacha i gcránacha, diúltú conablach, córais taistil nua do mhuca, bainistíocht agus measúnú rioscaí salmonella. Léiríodh torthaí ar Úsáidí Eile Aoileach Muc ag Eisiúint Taighde na Cloiche Léithe i mí an Mheithimh.



# ***Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú***

## Foraoiseacht ar Beagscála

Cé go bhfuil an chuid is mó den leagan agus den asbhaint i bhforaiseacht na hÉireann á dhéanamh ag fómharaithe agus seoltóirí, teastaíonn an t-íosmhéid d'adhmaid chun údar a chruthú d'iompar agus d'úsáid innealraí móra agus costasacha.

Léirigh taispeántas Theagaisc réimse roghanna eile d'úinéirí foraoisí beaga chun a mbarraí a bhainistiú agus a chaolú. Roinn conraitheoirí fómhair, asbhainte agus próiseáilte a gcuid saineolais leis an lucht freastail.

D'fhreastal beagnach 400 ar Taispeántas Náisiúnta de fómhrach bheag, tharraingt agus próiseáil adhmaid a tharla i Knocknagoshel i gcontae Ciarraí. Leagan an eachtra bliantúil seo, i gcónasc leis an tSeirbhís Foraoiseacha, béim ar na buntáistí caighdeán curaíocht agus luach ar caolú foraoiseacha. D'fhócas an taispeántas ar reitigh inoibrithe phraiticiúla chun cabhair a thabhairt d'úinéirí d'fhoraoiseacha bheag conaiféar agus leathandúilleacha a gcuid aischuir a optamú.




*Thug a hOirirceas, Catherine Muigai Mwangi, Ambasadóir na Céinia, cuairt ar Pháirc na Darach i Samhradh 2011. Tá earnáil mhór talmhaíochta agus Bia ann in eacnamaíocht na Céinia agus phléigh an tAmbasadóir táirgeadh talmhaíochta agus slándáil bhia le lucht bainistíochta Theagaisc. Pléadh an bhféadfaí comhoibriú idir Teagasc agus Institiúd Taighde na Céine chomh maith.*

## Freastalaíonn Mic Léinn Bhreise ar Chúrsaí Talmhaíochta Theagaisc

Chláraigh 1,011 mic léinn i gcúrsaí breisoideachas talmhaíochta agus gairneoireachta i gcoláistí Theagaisc in 2011, agus bhí staidéar á dhéanamh ag 283 mac léinn ar chúrsaí árdleibhéil Theagaisc a bhí bainteach le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna. Mhéadaigh seo an líon iomlán mac léinn a raibh staidéar á dhéanamh acu ar chúrsaí Theagaisc go dtí 3,300.


Bhí timpeall 250 spás breise curtha ar fáil i gColáistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta in 2011 trí réimse de bheartais a tugadh isteach chun freastal ar an éileamh méadaithe. D'earcaigh seisiúr múinteoirí nua ar conradh, séisiúr foirne comhairleacha athlonnaithe sna coláistí chun módúil áirithe a mhuineadh, agus d'ardaigh an cóimheas múinteora/mac léann.

Cuireadh meicníocht i bhfeidhm chun múineadh modúil/scileanna áirithe a chur ar conradh. Cuireadh cúrsaí breise ar fáil tríd an tseirbhís comhairleach.

## Comhchúrsaí Oideachais

D'fhógair an tOllamh Gerry Boyle ag Comhdháil Oideachais Theagaisc 2011 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath sonraí faoi thrí chomhthionscnamh nua: B.A Agr.Sc (Ardleibhéal) i nGnó Déiríocht i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), B.Sc nua sa Ghairneoireacht (Ardleibhéal) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus B.Sc nua sa Talmhaíocht Inmharthana (Ardleibhéal) in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.

Is forbairt spreagúil é an B.agr.Sc (Ardleibhéal) i nGnó Déiríochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath a tháinig amach go tráthúil agus aird ar an leathnú pleanáilte i dtáirgeadh bainne mar atá léirithe i dtuarascáil Fómhar Bia 2020. Tá an clár seo deartha chun leibhéal ard scileanna eolaíochta, teicniúla agus gnó a thabhairt do mhic léinn atá a tosú sa tionscal déiríochta.



*Lá Oscailte Foraoiseachta Leathandúillí.*

Tá Bliain 1,2 agus 4 á seachadadh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus i mBliain 3, beidh mic léinn ag tabhairt faoi 'Bhainistíocht Theicniúil ar Fheirm Dhéiríochta' ag Ionad Theagaisc Chill an Dátúnaigh sula dtosófar Socrúchán Gairmiúil Taithí Oibre. Nochtófar na forbairtí taighde is déanaí do mhic léinn i mBainistíocht Talamh Féaraigh agus in Oiliúint Fheidhmeach um Chothú Bó Dhéiríochta, Atáirgeadh agus Porú Feidhmeach Ainmhithe, Sláinte Thréadta agus Córais Déiríochta ag Ionad Táirgthe Ainmhithe agus Féaraigh Theagaisc, an Chloch Liath.

Forbraíodh B.Sc nua sa Ghairneoireacht (Ardleibhéal) ag DCU i gcomhar le Teagasc. Dearadh an clár seo chun na gnéithe praiticiúla agus teoiriciúla de ghairneoireacht a inchorpú chun an t-eolas agus saineolas atá ag taisteal le haghaidh gairm bheatha ag an leibhéal proifisiúnta is airde a thabhairt do na rannpháirtithe.

Comhcheanglóidh an clár an eolaíocht is fearr ag DCU leis an ngairneoireacht is fearr ag Coláiste Gairneoireachta Theagaisc i nGarraithe Náisiúnta na Lus. Tá an dá champus nach mór in aice a chéile agus soláthraíonn siad áiseanna campais den scoth ina bhfuil garraithe ar a bhfuil cáil idirnáisiúnta. Thosaigh na chéad mhic léinn ag freastal ar chúrsaí i bhFómhar 2011.

Tá B.Sc nua sa Talmhaíocht Inmharthana (Ardleibhéal) ar tairiscint in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i gcomhar le Teagasc, Béal Átha hÉie, Contae an Chabháin. Díreoidh an cúrsa seo ar chórais agus teicneolaíochtaí talmhaíochta atá inmharthana i dtaobh cúrsaí comhshaoil agus eacnamaíochta de. Dírítear an cúrsa seo ar fheirmeoirí tráchtála agus bainisteoirí feirme, chomh maith le gairmithe atá ag freastal ar earnáil an agraibhia.

## Mac Léann na Bliana Theagaisc

Ba é Richard Dollard as Contae Chill Chainnigh Mac Léann na Bliana Theagaisc 2011. Bhronn Simon Coveney, Aire Talmhaíochta, Bia agus an Muirí, na duaiseanna atá urraithe ag Iontaobhas FBD, g ag searmanas bronnta i mBaile Átha Cliath.

Chríochnaigh Richard Dollard, Baie an Ghabhann, Tulachar, Muileann an Bhata, Contae Chill Chainnigh Ardteastas i mBainistíocht Tréad Déiríochta i gColáiste Gairneoireachta agus Talmhaíochta Cill an Dátúnaigh, Baile an Phoil, Contae Chill Chainnigh.

Déanann an tUasal Dollard feirmeoireacht ar 80 heicteár lena athair agus tá pleananna acu a dTréad Bainne a leathnú ó 120 go dtí 250 bó. Is ball de Ghrúpa Díospóireachta Déiríochta Thulchar agus cuireann sé béim mhór ar fhás agus úsáid féar i gcothú na mbó.

*An Dr Tom Kelly, Richard Dollard, Mac Léinn FBD na Bliana, Hugh Ryan, Iontaobhas FBD agus Frank Murphy, Príomhoide Choláiste Chill an Dátúnaigh.*



# *Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú*



## Roghnú Géanómaíochta

Mar thoradh ar an taighde a rinne Teagasc i gcomhar leis an tionscal, tháinig laghdú faoi aon trian ar chostas an roghnaithe géanómaíochta. Spreagfaidh sé seo feirmeoirí déiríochta chun roghnú géanómaíochta a dhéanamh i measc a n-ainmhithe póraithe, agus éascóidh sé cinntí níos eolaí, agus d'fhéadfadh sé fiúntas géiniteach an tréada a mhéadú.

In 2009, lainseáladh rogha géanómaíochta in Éirinn i ndiaidh taighde a bhí déanta ag Teagasc arna stiúradh ag an Dr Donagh Berry i gcónasc le Cónaidhm Tógála Eallaigh na hÉireann (ICBF). Bá í Éire an dara tír ar domhan, i ndiaidh na Stát Aontaithe, chun an teicneolaíocht seo a chur in úsáid sa Clár Tógála Eallaigh Dhéiríochta Náisiúnta. Mar thoradh ar rogha géanómaíochta, tá brostú mór tagtha ar fhorbairt ghé-initeach istigh de dhaonra na mbó dhéiríochta in Éirinn.

Ach, go dtí seo, bhí costas na teicneolaíochta fíor-chostasach ar fheirmeoirí déiríochta aonair. Anois, d'fhorbair an Dr Berry agus a leathbhádóirí, i gcomhar leis an ICBF bealach nua chun úsáid a bhaint as costas teicneolaíochta níos ísle lena laghad de chomhghéilleadh sa chruinneas.

Tá an cur chuige bunaithe ar an eolas go bhfuil ''ailpí" de DNA tugtha le hoidhreacht as pórtheastas ainmhithe agus más eol dúinn de na píosaí DNA sna 'hailpí' seo, is féidir an DNA atá fágtha a mheas. Is ionann cruinneas an mheasa seo agus thart ar 98% ar an meán, nuair atá an phróifíl iomlán DNA den síreach ar eolas, ar a laghad, amhail a mholtar le haghaidh úsáid na teicneolaíochta.

Tá na torthaí ar an taighde seo le fáil ag feirmeoirí trí sheirbhís nua a lainseáladh ag an ICBF. Is féidir le feirmeoirí cruthú géanómaíochta a fháil dá n-ainmhithe, rud a d'fhéadfadh cinneadh níos fearr agus níos brábhúsaí a chruthú trí neartú géineiteach níos fearr. Is féidir an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm trí eallaí mairteola nuair atá rogha géanómaíochta le fáil.

## Ionad Nualaíocht Déiríochta Nua

Chruthaigh an Bord Bainne (IDB) agus Teagasc, i gcomhpháirt, Ionad Nualaíocht Déiríochta nua, bunaithe sa Chloch Liath. Is é bunchuspóir an ionaid forbairt a dhéanamh ar choincheapa táirgthe faoi chinnireacht an mhargaidh atá indéantúsaithe ag baill an IDB agus margaithe go hidirnáisiúnta ag an IDB.

Is freagairt atá sa tionscnamh ar phleannana meántéarma an IDB chun na deiseanna leathnaithe a uasmhéadú, a chruthófar d'Earnáil Déiríochta na hÉireann nuair atá deireadh curtha le cuótaí bainne ag an Aontas Eorpach in 2015 agus le Tuarascal Fhómhar Bia 2020 an Rialtais.

Is cuid ríthábhachtach de straitéis an IDB é an rannpháirtíocht seo chun an ghné breisluacha d'easpórtálacha déiríochta na hÉireann a mhéadú agus de straitéis Teagasc chun tacaíocht a thabhairt do thaighde nualaíochta i measc chuideachtaí tráchtála bia na hÉireann.



Ó Mheán Fómhair 2010, thug an IDB agus Teagasc faoi chlár forbartha comhoibritheach faoi chinnireacht an mhargaidh ar cháis. Tá ceithre choincheap táirgthe cáise nua á bhforbairt faoi láthair. Bhí an comhoibriú curtha ar bhonn foirmiúil le bunú Ionad Nualaíocht Déiríochta an IDB, ag Ionad Bia Theagasc, an Chloch Liath.

Tógann an comhoibriú le chéile an méid a leanas:

- *An t-eolas intleachtúil agus an saineolas ar fhorbairt táirgí teicniúla d'Ionad Taighde Bia Theagaisc.*
- *An scála píolótach, trealamh tástála agus cumas táirgthe de chuid Moorepark Technology Ltd.*
- *50 Bliain de mhargadh idirnáisiúnta agus saineolas tomhaltóra an IDB chomh maith le brandaí agus an bealach a ghabhann an IDB chun bonneagar margaidh a bhaint amach.*

Beidh coincheapa tairgthe scálaithe aníos le haghaidh tráchtálú le baill an IDB agus beidh sé margaithe go hidirnáisiúnta ag an IDB.



*Feirm nua taispeantais chaorach.*

## An Clár Caorach

Lainseáladh clár Aistrithe Eolais agus Taighde Caorach nua in 2011 a chabhróidh le 30,000 feirmeoir caorach Éireannacha, a choimeádann tréad póraithe náisiúnta de 2.5 milliún caora. Cabhróidh an clár le feirmeoirí chun an éifeachtacht a mhéadú ar leibhéil feirme, táirgeadh a mhéadú go náisiúnta, agus an leibhéil d'easpórtálacha Éireannacha d'fheoil chaorach a mhéadú. Chuir tuarascáil Fhómhar Bia 2020 cuspóir chun an atáirgeadh in earnáil na caorach a mhéadú faoi 20%.

Mar chuid den Chlár, bunaíodh Feirm Taispeántas Taighde Caorach Nua de 350 caora póraithe ar champas Theagaisc i mBaile Átha an Rí. Is é an fócas ar an bhfeirm seo ar chaora torthúla ar mhaithe leis an ráta scoite náisiúnta a mhéadú ó mheán reatha náisiúnta de 1.3 uan in aghaidh na caora. Beidh measúnú déanta ar dhá ghrúpa de chaoirigh le leibhéil éagsúla de thorthúlacht ag trí ráta stocála chun an leibhéal is fearr a aimsiú.

Tá an Clár Feirme BETTER Caorach, ina bhfuil feirmecha caorach tráchtála á n-úsáid le haghaidh taighde agus aistriú eolas arna leathnú go dtí 10 bhfeirm, atá suite timpeall na tíre go geografach. Úsáidfear an t-eolas a bailíodh ó na feirmeacha tráchtála seo chun an éifeachtacht a fheabhsú ar fheirmeacha tráchtála eile ar fud na tíre.




*An tOllamh Paul Ross, Ceann an Chláir Bhia, Simon Coveney, T.D. , an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus Kevin Lane, POF, an Bord Bainne.*

# Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú




*An Dr Denis Minogue ag labhairt le feirmeoirí atá ag freastal ar lá oscailte mairteola laonna Theagaisc sa Ghráinseach i gContae na Mí.*

## Tréad Dhoire Phádraig

Tugtar nuashonrú faoi fheidhmíocht thréada diúil Dhoire Phádraig ag Teagasc, sa Ghráinseach i gContae na Mí d'fheirmeoirí ar shiúlóidí feirme le linn Mheán Fómhar agus Mheitheamh 2011.

Tugadh breac-chuntas ar fheidhmíocht bhó agus l aonna – ráta iompar clainne 90% tar éis séasúr póraithe de 12 sheachtain agus meáchan 1.2 kg in aghaidh an lae, ar an meán, a chur ar laonna. Taispeánann feidhmíocht tarbh ar a bhfuil bailchríoch á chur gur bhian 16% grád E amach, 80% grád U agus 4% grád R agus bhí an meánmheachán conabhaigh 400kg tar éis bliain go leith d'aois.

**Comhairleoirí Theagaisc: Achoimre ar Ghníomhaíochtaí le haghaidh 2009, 2010, 2011**

| | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcomhairleoirí | 355 | 278 | 263 |
| Líon na gcliant | 46,554 | 45,447 | 43,286 |
| Líon na gciant/na gcomhairleoirí | 131 | 164 | 165 |
| Líon iomlán na gcuairteanna agus na gcomhairliúchán | 100,930 | 97,389 | 99,734 |
| In aghaidh an chomhairleora | 284 | 341 | 379 |
| Líon na ngrúpaí díospóireachta | 405 | 501 | 506 |
| **Ioncam Iomlán €** | **€15.1m** | **€12.0m** | **€10.4m** |
| **Ioncam in aghaidh an infheisteora €** | **€42,740** | **€43,298** | **€39,569** |

## Seicheamh Ghéanóm an Phrata

D'fhoilsigh Cuibhreannas Seicheamhaithe Ghéanóm an Phrata (PGSC), foireann idirnáisiúnta d'eolaithe – agus Teagasc ag ionadú Éireann san áireamh – ag a bhfuil an bunchuspóir forbairt ardchaighdeáin a dhéanamh ar dhréachtseicheamh de Ghéanóm an Phrata, a gcuid torthaí san irisleabhar mór le rá idirnáisiúnta Nature in 2011

.

Tionscnaíodh an PGSC in Eanáir 2006 ag Roinn Póraithe Plandaí in Wagenham UR (Ionad Taighde agus Ollscoil) san Ísiltír agus, le linn chúrsa an tionscadail, d'fhorbair sé mar chuibhreannas domhanda de 29 grúpa taighde ó 14 thír éagsúla.

Ba dhuine de na baill ba luaithe sa chuibhreannas é grúpa Theagaisc, faoi chinnireacht an ghéineolaí, an Dr Dan Milbourne ón gClár Taighde Barr, Comhshaol agus Úsáid Talún, atá bunaithe i bPáirc na Darach i gCeatharlach.

Sa mhullach ar a thábhacht leanúnach d'aiste bia na hÉireann, is é prataí an triú barr bia is tábhachtaí ar fud an domhain. Cabhróidh Seicheamh Ghéanóm an Phrata, an ''gormchló géiniteach' conas a fhásann agus atáirgeann plánda prataí, le heolaithe prátaí agus an lucht póraithe feabhas a chur ar a gcuid táirgeachta, caighdeán, luach cothaithe agus frithsheasmhacht in aghaidh galar atá ag saghsanna prátaí, ar próiseas seo a bhí mall sa bharra coimpléicsiúil géiniteach seo.

Ceadaítear Seicheamh Ghéanóm an Phráta don lucht póraithe prátaí laghdú a dhéanamh ar na 10-12 bhliain atá ag teastáil faoi láthair chun saghsanna nua prataí a phorú.

## Bainne Foirmle do Naíonái

Chruthaigh Ionad Taighde Bia Theagaisc, sa Chloch Liath, clár taighde ina bhfuil ról lárnach ag tacaíocht a thabhairt don fhorbairt teicneolaíochta in earnáil an bhainne foirmle do naíonáin in Éirinn.

Meastar gur fiú an margadh domhanda le haghaidh bainne foirme do naíonáin timpeall $5-6 billiún agus táirgíonn comhlachtaí Éireannacha beagnach 15% den tonnáiste bainne foirmle do naíonáin atá trádáilte go hidirnáisiúnta.

Is ionann margadh bainne foirmle do naíonáin na Síne faoi láthair agus timpeall 332,000 tonna, tá sé ag dul i méid beagnach 10% in aghaidh na bliana agus ceaptar go mbainfidh sé 558,000 tonna amach. Tá importálacha ag súil le méadú le haghaidh comhábhair dhéiríochta ó 15% do phúdar meidhg agus méadú 84% ar phúdar bainne íomláin.

Tá Éire dea-shuite chun soláthar a dhéanamh don mhargadh seo; táirgíonn sí punann leathan táirgí, tá sainchumas comhábhar forbartha ard aici, agus tá trí cinn de na comhlachtaí ilnáisiúnta suite i bPoblacht na hÉireann.



*Chuir na Dochtúirí, Istvan Nagy, Dan Milbourne agus Marialaura Destefanis (An Clár Comhshaol Barr agus Úsáid Talún) leis an tionscnamh idirnáisiúnta chun géanóm an phráta a sheiceamh, agus foilsíodh a dtorthaí san irisleabhar mór le rá, Nature in Iúil 2011.*

# *Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú*

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

## Próifíl Chliaint



**JJ O'Neill, Feirmeoir Mairteola.**
*Clais Mhór, Contae Phort Láirge.*

*Déanann JJ O'Neill feirmeoireacht gar do Chlais Mhór i gContae Phort Láirge agus is baill de ghrúpa díospóireachta dhiúil áitiúil é atá faoi chinnireacht chomhairleoir Theagaisc Mark Slattery. Tá tréad de 50 bó dhiúil breith earraigh laonna ag JJ. Tá na laonna tairbh díolta mar bhullán i ndiaidh 14 nó 15 mhí d'aois i mBealtaine, ag 450kg arna bheathú ag beagán mine. Cuirtear an chuid is mó de na bodóga in iompar chun a bheith díolta ag pointe breithe ag 22 mí d'aois. Críochnaíonn na bodóga nach bhfuil ag iompar lao i ndiaidh 20 mí.*

*Bhí an meánsos breithe ar fheirm O'Neill le trí bliana anuas 354 lá agus bhí an meánlíon laonna in aghaidh na bó 1.0 le linn na tréimhse céanna. Tosaíonn breith go luath i Mí Feabhra agus críochnaíonn sí in Aibreán. De na 50 bó a rug ar laonna in 2010, rugadh 43 i rith Fheabhra agus Mharta. "Is í an phríomhaidhm ná meaitseáil a dhéanamh ar an dáta breithe agus dáta fásta an fhéir." Dúirt Mark Slattery, "Ar an mbealach seo, is féidir le feirmeoirí úsáid mahith a bhaint as an bhféar, arb é seo an bia-ábhar ar an luach is fearr atá ar fáil."*

*"Is buntáiste eile de dhlúthbhreith ná go bhfuil grúpa an-aonfhoirmeach laonna agam a fhad le pointe a ndíolta" a dúirt JJ. "Is féidir liom díriú níos mó ar an mbreithe toisc go mbíonn sé déanta le linn dhá mhí. I láthair na huaire, tá ceithre phionna breithe agam agus pionna grúpa amháin chun iad a chur isteach ann ar feadh tréimhse ghairid i ndiaidh breithe. Agus an méid seo ag breith ar laonna le chéile, ba mhaith linn níos mó pionnaí aonair a bheith againn".*

*Bíonn JJ ag iarraidh an stoc a chur ar féar chomh luath agus is féidir. Agus dlúthbhreithe laonna ann i bhFeabhra agus Márta, is féidir na ba agus na laonna a chur amach chomh luath a cheadaíonn an aimsir agus an féar, de ghnáth déanach i mí Feabhra/luath i Márta.*




*Seán Cummins, Buaiteoir Chomhaltacht Bhreathnach Theagaisc 2011 in éineacht leis an Dr Jim Flanagan , Cathaoirleach, Coiste Talmhaíochta an RDS agus an Dr Frank O'Mara, Stiúrtóir Taighde, Teagasc.*

## Comhalta Bhreathnach na Bliana

Bhain Seán Cummins Dámhachtain Chomhaltacht Bhreathnach Theagaisc 2011, a chur páipéar i láthair ar "éifeacht an fhiúntais ghéinitigh ar thorthúlacht ar éifeachtacht atáirgthe."

Cúireann an staidéar béim ar thábhacht na rogha géinití le haghaidh torthúlachta mar straitéis ríthábhachtach chun cur amu atáirgthe a mhaolú, agus an leathnú inmhainaithe den tréad náisiúnta a bhaint amach, ar a dtugtar breac-chuntas i dTuarascáil Fhómhar Bia 2020.

Is comhalta Theagaisc Bhreathnach é Seán Cummins ag Ionad Taighde agus Nuálaíochta Ainmhithe agus Féaraigh Theagaisc, sa Chloch Liath, á mhaoirsiú ag Dr Pat Lonergan agus Alex Evans ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus an Dr Stephen Butler, Teagasc.

Bronnadh bonn an Úachtaráin ó Institiúd Eolaíocht Bhia agus Teicneolaíochta Éireann (IFSTI) ar an taispeántas teicneolaíochta agus eolaíocht bhia ab fhearr. Bhuaigh Eoin Murphy, le haghaidh a thaispeántais: ''Athinnealtóireacht déantóireacht bhainne foirmle do naíonáin." D'fhéadfadh na coilgiltis fuinnimh a eascraíonn ón bpróiseas seo cabhrú le hinbhuanú eacnamaíoch agus timpeallachta sa tionscal bainne foirmle naíonáin in Éirinn sa todhchaí.

Is Comhalta Bhreathnach Theagaisc Ionad Taighde Bia Theagaisc, sa Chloch Liath é Eoin Murphy. Is iad a mhaoirseoirí Yrjo H.Roos ón COC agus John Tobin agus Mark Fenelon ó Theagasc. Bhronn baill den chomhairle IFSTI, Charles Lamb an bonn air.

**Cláir Thaighde/Gníomhaíochtaí Aistrithe Eolais 2011**

| | AGRIP | CELUP | REDP |
|---|---|---|---|
| Airteagail/Leabhráin Theicniúla | 91 | 68 | 57 |
| Páipéir Chomhdháila | 27 | 11 | 12 |
| Airteagail Mhóréilimh/Raidió/Teilifíse | 136 | 149 | 53 |
| Comhdhálacha arna n-eagrú | 9 | 3 | 3 |
| Seimineáir/Cúrsaí Traenála | 80 | 87 | 79 |
| Ceardlanna/Siompóisiamaí | 86 | 12 | 3 |
| Laethanta Oscailte/Taispeántais | 124 | 39 | 59 |
| Grúpaí Díospóireachta ar ar tugadh cuairt | 596 | 84 | 51 |
| Laethanta Traenála Inseirbhíse | 150 | 56 | 31 |
| Nuachtlitreacha | 48 | 36 | 5 |



# *Cuspóir 1- Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú*



*Ag lainseáil an Staidéir ar Iomaíochas Earnáil Déiríochta na hÉireannach ar Leibhéal Feirme bhí an Dr Fiona Thorne, an Dr Trevor Donnelan, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney T.D., agus an Dr Michael Keane, COC. .*




*Sa phictiúr i gContae Chorcaí ag an Ochtú Siompóisiam Cáise, Jeagraithe ag Teagasc agus COC i gcomhar leis an Institiúid Taighde Talmhaíochta Náisiúnta Fraincise (INRA) tá Tim Coolbear, Ionad Taighde Fonterra, an Nua-Shéalann, an Dr Tom Beresford, Teagasc, Bob Savage, DSM Food-Specialties, an Danmhairg agus Jene Rene Kerjean, Actilait, an Fhrainc.*



*Stiúrthóir Theagaisc, Gerry Boyle, leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney T.D., agus an Dr Beat Bolier, Cathaoirleach Rannóig na mBarr Fodair agus na bhFéar Fóntais de chuid EUCARPIA, leis an nGéineolaí Móilíneach, an Dr Susanne Barth (Cathaoileach an Choiste Eagraithe) a d'fhreastail ar an 29ú cruinniú de chuid EUCARPIA de chuid Rannóg na mBarr Fodair agus na bhFéar Fóntais a bhí ar siúl in Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath.*

# Cuspóir 1- *Iomaíocht na Talmhaíochta, an Bhia agus na Bitheacnamaíochta Níos Fairsinge a Fheabhsú*

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

**PRÓIFÍL FOIRNE**



**Oliver Tierney**
***Príomhoide Cúnta Gníomhach***
***Coláiste Bhaile na hÉise***

Tugann Oliver léachtanna sa déiríocht agus i mbainistíocht gnó feirme agus deir sé go raibh méadú ar líon na ndaltaí ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar an talmhaíocht le roinnt blianta anuas toisc go rabhthas faoin tuairim gur thionscal le cumas fáis agus fostaíochta í an talamhíocht.

"Tá dearcadh dearfach ag baint le talmhaíocht, go háirithe le déiríocht, le cuspóirí uaillmhianacha leagtha ag Fómhar Bia 2020. Mothaíonn mic léinn dá mbeadh níos mó bó agus tréadta níos airde ann, go mbeadh postanna le haghaidh oibreoirí agus bainisteoirí cáilithe." Is breisiú éifeachtach é láithreacht an chláir thaighde déiríochta i gColáiste Bhaile na hÉise do luach iomlán oideachasúil na gcúrsaí atá solathraithe ann.

Is cuid thábhachtach de thraenáil Choláiste Theagaisc é an t-ábhar a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm agus tá ag Oliver ról chomhordaitheoir na Tréimhse Foghlama Praiticiúla (PLP) le haghaidh Choláiste Bhaile na hÉise.

Ag labhairt faoin ról sa PLP, deir Oliver go bhfuil traenáil ar an bhfeirme ina gné an-dearfach den bhliain choláiste talmhaíochta. Tá dualgas aige feirmeacha maithe a aimsiú, áit gur féidir mic léinn idir 18-19 mbliana d'aois a shocrú, agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid dul chun cinn. In 2012, bhí níos mó ná 160 dalta de chuid Bhaile na hÉise ar fheirmeacha PLP ó chontaetha idir Dhún na nGall agus Áth Cliath.

De réir Oliver, ba cheann de na forbairtí ba dhearfaí ar oideachas talmhaíochta an deis do mhic léinn dul chuig na leibhéil is airde sa chóras oideachais.

Comhoibríonn Coláiste Bhaile na hÉise go dlúth le hInstitiúd Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DkIT) maidir le soláthar cúrsaí. Ciallaíonn sé seo gur féidir le mic léinn a thosaíonn ar leibhéal 5 FETAC i mBaile na hÉise leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéir in DkIT agus fiú ar leibhéal PhD dá mbeadh an spéis agus cumas acu faoi dheoidh.

Ó 2010 i leith, chuaigh an dá choláiste i gcomhar lena chéile chun BSc nua sa Talmhaíocht Inmharthana ar leibhéal 8 a chur ar tairiscint, agus tá an dealramh air go bhfuil sé seo an-mhealltach do mhic léinn ón gceantar.

# Cuspóir 2

## Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an gcomhshaol



Agriculture and Food Development Authority

# *Cuspóir 2- Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an gcomhshaol*

## Lorg Carbóin

Tá lorg carbóin tháirgí bia na hÉireann i measc na gcinn is fearr san Aontas Eorpach, de réir staidéir a foilsíodh in 2011 leis an Ionad Comhthaighde de Choimisiún Eorpach an AE.

Mheasúnaigh an staidéar darbh ainm ''Luacháil ranníocaíocht earnáil an bheostoic le hastuithe Gáis Cheaptha Teasa (GHG) an AE" (GGELS) na hastuithe carbóin iomlána glana ag réimse táirgí beostoic, agus na hastuithe go léir ar an bhfeirm a chur san áireamh atá bainteach le tógáil beostoic agus táirgeadh beatha ainmhithe (fiú nuair a tharlaíonn táirgeadh na beatha taobh amuigh den Aontas Eorpach) chomh maith le hastuithe cúisithe tar éis ionchur mianraí léasacháin, lotnaidicídí, fuinneamh agus talún le haghaidh táirgeadh beatha A dhéanann measúnú cuimsitheach ar chórais éagsúla táirgthe

Tá an lorg carbóin is ísle san Aontas Eorpac ag bainne Éireannach (ar chomhionannn leis an Ostair) le 1kg $CO_2$-g/kg de bhainne, i gcomparáid leis an meán Eorpach 1.4 kg. De réir an staidéir, tá an lorg carbóin is ísle ag muiceoil Éireannach san Aontas Eorpach (4.8kg in aghaidh mheán an Aontais Eorpaich 7.5 $CO_2$-eq/kg de mhuiceoil) chomh maith le sicín Éireannach (3.3 kg in aghaidh mheán an Aontais Eorpaigh de 4.9 $CO_2$-eq/kg d'éineoil.)

Tá lorg carbóin 19kg $CO_2$-eg/kg de mhairteoil ag mairteoil Éireannach. Tá sé seo i bhfad níos lú ná an meán Eorpach, 22.1 kg $CO_2$-eg/kg de mhairteoil agus is é sin an cúigiú ceann is ísle san Eoraip.

Sa tuarascáil, lorg carbóin measadh gurb ionann mairteoil Bhrasaíleach agus 80kg $CO_2$-eg/kg de mhairteoil nuair a chuimsítear aistriú úsáid tálún (agus 48kg nuair nach bhfuil aistriú úsáid tálún curtha san áireamh) mar gheall ar an táirgiúlacht níos ísle i dtairgeadh mairteola.

Dúirt an Stiúrthóir Taighde ag Teagasc, an Dr Frank O'Mara, atá ina bhaill den bhord comhairleach go bhfuil ''An staidéar seo tábhachtách go leor toisc gurb é an chéad uair ina bhfuil cóimheas déanta idir réimse tháirgí thíortha an Aontais Eorpaigh go leir i staidéar cuimsitheach aonair.

''Is príomhghné ann seo ár gcóras táirgeadh fhéarbhunaithe agus an lorg carbóin i bhféarach. Tá ceann de na comhréireanna is airde san Eoraip maidir le fearaigh agus talamh talmhaíochta in Éirinn."

| | Bainne | Muiceoil | Mairteoil |
|---|---|---|---|
| Éire | 1.0 kg $CO_2$-eq/kg | 4.8 kg $CO_2$-eq/kg | 19.0 kg $CO_2$-eq/kg |
| Meán an Aontais | 1.4 kg $CO_2$-eq/kg | 7.5 kg $CO_2$-eq/kg | 22.1 kg $CO_2$-eq/kg |



## Gás meatáin ó bha

D'aimsigh taighdeoirí ag Ionad Féaraigh agus Ainmhithe Teagasc agus taighdeoirí ó Ollscoil Bristol go bhfuil nasc idir táirgeadh meatáin agus leibhéil chomhdhúile darbh ainm archaeol i bhfaecas roinnt ainmhithe coipthe ag a bhfuil réamhphutóga, go háirithe ba, caoirigh agus fianna.

D'fhéadfaí an chomhdhúil a fhorbairt mar shaghas bithchomhartha chun measúnú a dhéanamh ar tháirgeadh meatáin ó ainmhithe intíre agus ainmhithe fiáine, a cheadaíonn d'eolaithe measúnú níos cruinne a dhéanamh ar a gcuireann athchogantaigh le hastuithe gáis cheaptha teasa domhanda.

## Clár Abhantrach Thalmhaíochta

Síneadh an Clár Abhantrach Thalmhaíochta in 2011 ar feadh tréimhse ceithre bliana ó 2012 go 2015. Tharla an comhdháil idirnáisiúnta chomhshaoil ''Eolaíocht Abhantraí 2011" i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath i Meán Fómhair chun na torthaí ón gcéad chéim den chlár a imlíniú.

Láithrigh eolaithe as Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Nua-Shéalainn, an Astráil, an Danmhairg, an tSualainn, an Ísiltír, an Iorua, Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann, agus Poblacht na Seice páipéirí ar a gcuid taighde.

Bunaíodh an Clár Abhantrach Thalmhaíochta (ACP) in 2008 i sé abhantrach éagsúla chun breathnú ar éifeachtacht na measúnuithe i gClár Gníomhaíochta Náisiúnta bunaithe faoi chúram na Treorach Níotráite. Tá se bunaithe ar chomhpháirtíocht le feirmeoirí agus páirtithe leasmhara eile agus tá sé ina chuspóir tacaíocht a thabhairt do thalmhaíocht bhisiúil chomh maith le cosaint an chaighdéain uisce








*Ball Foirne Theagaisc, Phil Kilduff agus samplaí uisce á nglacadh aige*

# Cuspóir 2- Tacú le feirmeoireacht inmharthana agus leis an gcomhshaol

## An Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha 2011

Thug Teagasc faoin Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha (NFS) ar bhonn bliantúil ó 1972 i leith. Oibrítear an suirbhé mar chuid den Líonra Sonraí um Chúntasaíocht Feirme de chuid an Aontais Eorpaigh agus comhlíonann sé an oibleagáid réachtúil atá ar Éirinn sonraí faoi tháirgeadh feirme, costais agus ioncam a sholáthar don Choimisiún Eorpach. In 2011, ghlac 1,050 feirm páirt sa NFS, a léirigh daonra iomlán de thimpeall 105,000 feirm.

Shroich an meánioncaim teaghlach feirme leibhéil gan fasach in 2011, agus €24,461 ar an meán, ar méadú 30% é seo ar mheán 2010. Bhí an meán le haghaidh earnáil na feirmeoireachta tráchtála lánaimseartha, ina bhfuil timpeall 30,000 feirm, ardaithe 31% go dtí €56,413 ó 2010. Bhí arduithe ioncaim tiomáinte go hiomlán ag brabach táirgthe de bharr gur tháinig ardú ar chostais táirgthe agus tháinig laghdú ar luach na híocaíochta dírí go himeallach. Mheánaigh íocaíochtaí díreacha in aghaidh na feirme €17,929 in 2011, ag taispeáint laghdú ar an iomlán de 2% ó leibhéil 2010. Tá an fheirmeoireacht muiníneach go fóill faoi íocaíochtaí díreacha a chuimsíonn 73% d'ioncam.

Mhéadaigh an meánioncaim ar fheirm dhéiríochta 36% go dtí €68,750. Mar gheall ar dhálaí fabhracha sna margaí, tháinig méadú 15% ar olltáirgeadh déiríochta. Mhéadaigh roinnt costais ionchuir, breosla agus leasachán, mar shampla, ach ar an iomlán, d'ardaigh costas táirgthe timpeall 4%.
I ndiaidh praghsanna mairteola in 2011, mhéadaigh ioncam feirm bhólachta 48% go dtí €10453. In ainneoin an fheabhsaithe ar ioncam, tá fós líon mór feirmeoirí beaga eallaigh le hioncam íseal atá ag brath go mór ar na híocaíochtaí díreacha.

Bhain feirmeacha caorach tairbhe ó mhéadú 13% ar phraghsanna agus olltáirgthe ar fheirmeacha caorach agus bhí an meánioncam teaghlach feirme 25% níos airde ag €16,805. D'fhán margaí gráin fabhrach in 2011, agus mhéadaigh an t-aschur ar feirmeacha curaíochta, rinneadh seo a sheach-chur ag costas boilscithe, go háirithe i leasachán agus fuinneamh agus is éard a d'eascair as sin gur beag athrú a tháinig ar ioncaim feirmeacha curaíochta ó leibhéil 2010.


Ag leanúint leis an treocht ó na blianta roimhe seo, agus ar aon dul leis an macraeacnamaíocht níos leithne, tháinig laghdú ar an uimhir theaghlach ina raibh post eisfheirme ag an bhfeirmeoir nó a chéile go dtí 49.5% in 2011, ó 51% in 2010 agus 54% in 2009.

*Ar lainseáil na dtorthaí bhí, an Dr Cathal O'Donoghue, Ceann Chlár Forbartha agus Eacnamaíocht Tuaithe Theagaisc (ar chlé), le Anne Kinsella, Brian Moran agus an Dr Thia Hennessy ó fhoireann Shuirbhé Náisiúnta Feirme Theagaisc.*

B'ionann na leibhéil fiachais in earnáil na feirmeoireachta ar an iomlán agus níos lú ná €1.9 billiún in 2011, laghdú 14% ar uimhir 2010 ag léiriú aisíocaíocht mhór ar fhiachas, agus a thugann le tuiscint gur bhain feirmeoirí úsáid as an gcás ioncaim dhearfach in 2011 chun a gcuid féichiúnais a laghdú.

Tháinig méadú ar céadatáin feirme atá rangaithe mar chomhlachtaí inmharthana ar bhonn eacnamaíoch le 27% in 2010 go 35% in 2011. Rangaítear beagnach 34% de theaghlaigh feirme mar soghonta ar bhonn eacnamaíoch.

Farm Revenue by Sector




cso 2011



Próifíl Chliaint



**David Rogers, Feirmeoir Prátaí,**
***Baile Bachaille, Tuaisceart Bhaile Átha Cliath***

*Agus costas fásta bairr ar bith níos mó ná €2,000 in aghaidh an acra, is rud rí-thábhachtach é aird a thabhairt ar na mionsonraí chun brabúsacht a chosaint agus a fheabhsú. Bhain an lucht fáis phrátaí seo de bhunadh Bhaile Átha Cliath na spriocanna uile amach.*

*Déanann cliaint Theagaisc, John agus David Rogers atá ina gcónaí gar do Bhaile Bachaille i dTuasceart Bhaile Átha Cliath feirmeoireacht, chomh maith lena ndeartháireacha, Richard agus Thomas agus a n-athair Joe. ar an iomlán, fásann siad níos mó ná 2,000 acra de bharra, ina measc cruithneacht, eorna, coirce, arbhar Indiach, prátaí agus oiniúin. Cosúil leis an gcuid is mó d'fheirmeacha curaíochta, ghlac siad talamh ar cíos, a bhreislaghdaíonn an lámhail earráide – i ngach áit gurbh fhéidir, déanfaidh siad tastáil ar thalamh le haghaidh galair, mar shampla, péist lúbánach agus stádas leasacháin. Is chuid lárnach den oibriúchán iomlán tabhairt aire do na mionsonraí toisc gur féidir a lán airgid a chaitheamh go tapa i ndiaidh botún beag.*

*Measúnaítear gach barr ag baint úsáide as clár e-crops Theagaisc. "Is uirlís fíor-fhiúntach i ndéanamh cinntí ar an bhfeirm." a deir John. Ar an iomlán, fásann an teaghlach timpeall 350 acra de phrátaí gach bhliain le haghaidh thrádáil an ollmhargaidh.*

*"Cuireann muintir Rogers prátaí ar fáil le linn na bliana ar fad agus is féidir leo seo a dhéanamh trí infheistíocht a dhéanamh i stórtha cuisneacháin le deich mbliana anuas." a dúirt saineolaí curaíochta Theagaisc, Shay Phelan. "Ceadaíonn na stórtha seo don fheirm táirgeadh comhsheasmhach a dhéanamh do na ceannaitheoirí ollmhargaidh le linn na bliana ar fad. Tosaíonn an timthriail bhliana sula mbaineann na prátaí na seilfeanna afach – leis an síol."*

*Roghnaíonn na síolta go leir go cúramach mar shíol ghlán, lena mbaineann ríthábhacht chun prátaí ardchaighdeáin nite a tháirgeadh amhail a éilíonn na hollmhargaí. Nuair a iontrálann na síolta an fheirm, déantar iad a sheiceáil i leith galair agus lobhaidh, agus ansin pléitear leis más gá agus cuirtear i dtráidirí eascartha sna blianta nuair is ann do difríocht i méid na síolta agus nuair a bhíonn na síolta grádscoilte de réir méide le cur cothrom a chinntiú.*

*Déantar monatóireacht chúramach ar na síolta (tá David sa phictiúr thuas) thar mhíonna an gheimhridh lena chinntiú go bhfuil eascróige maithe ar na síolta a mhairfidh tríd an gcur chun eascairt níos luaithe a chinntiú agus ag súil leis an táirgeacht a mhéadú. Déanann muintir Rogers a gcuid cuir a phleanáil go fíor-chúramach lena chinntiú go bhfaighidh na tiúbair ar a laghad 280 lá céime.*

## Tugann Decision Tree Cabhair d'Fheirmeoirí

Ceárd iad na roghanna chun ioncam teaghlach feirme a mhéadú? Arb ann do dhóthain éifeachtúlachtaí ar an bhfeirm, trí leanúint deiseanna eisfheirme nó trí éagsúlacht? Chun cabhair a thabhairt d'fheirmeoirí cinntí airgeadais cliste a dhéanamh, thug Teagasc an feidhmclár 'Decision Tree' isteach.

Is bealach é "Decision Tree" chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar shuíomh aonair feirme. Is chuid chabhrach é aghaidh a thabhairt ar na roghanna le haghaidh forbairt bhreise agus inbhuanaitheachta. Nochtóidh feirmeoirí aonair do smaointe nua agus tógfar iad trí phróiseas cinnteoireachta.

Cabhróidh an ré-áiritheoir atá in éineacht leis an "Decision Tree" soiléiriú a dhéanamh ar staid airgeadais feirme. Cabhróidh sé aitheantas a thabhairt, más gá, d'athbhreithniú ar ionchur agus an áit a bhfuil scóip choilgiltis. Cabhróidh sé, chomh maith, dul i ngleic le mórchinntí i gcomharbas agus slí bheatha don chéad ghlúin eile. Is uirlís éasca le húsáid agus oiriúnach d'fheirmeoirí é an "Decision Tree".

Cabhraíonn iarshraith de Chúrsaí Roghanna in 12 áit ar fud na tíre le rannpháirtithe chun beartú ar chumas iomlán a bhfeirme agus roghanna a fhiosrú chun sreabhadh breise ioncaim a chruthú.



*Sa phictiúr ag an 4ú cruinniú de chuid Glycoscience Ireland, ag Ionad Taighde Bia Theagaisc, an Chloch Liath, bhí Mariarosaria Marolta, Food for Health Ireland (arna óstáil ag Teagasc), an Dr Marguerite Clyne, COBÁC, an tOllamh David Newburg, Coláiste Bhostúin agus an Dr Ritta Hickey, Clár Bia Theagaisc.*

## Glicea-Eolaíocht Éireann (GlycoScience Ireland)

Bunaíodh Glicea-Eolaíocht Éireann ag deireadh 2007, i ndiaidh cruinniú de ghlicea-eolaithe bheith ag oibriú in institiúidí taighde agus acadúla Éireannacha.

Is é bunchuspóir Glicea-Eolaíocht Éireann ná comhoibriú idirsmáchta a spreagadh idir glicea-eolaithe, bitheolaithe, potaigéirí, innealtóirí, eolaaithe fáisnéise agus cliniceoirí, ina bhfuil spéis acu an cur chuige nua glicea-eolaíochta a fhiosrú i leith a gcuid ceisteanna taighde.

Anois tá líon mór d'eolaithe ag oibriú san earnáil ghlicea-eolaíochta in Éirinn ag a bhfuil rachmas saineolais atá díreach bainteach le tionscail Bhia agus Bhithchógaisíochta in Éirinn agus thar lear. Tá impleachtaí tábhachtacha anseo ar threo na todhchaí in earnáil bhitheolaíochta, tionscail agus taighde cliniciúil na hÉireann.

Solathraíonn glicea-eolaíocht fóram cumarsáide agus idirghníomhaíochta idir glicea-eolaithe Éireannacha agus ionadaithe tionscail in Éirinn agus i gcéin a bheidh freagrach as aistriú fionnachtana i réadúlachtaí cliniciúla agus trádála.

An tÚdarás
Talmhaíochta
agus Forbartha Bia

# Cuspóir 3

## Éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus an cháilíocht bheatha i gceantair thuaithe a fheabhsú



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# Cuspóir 3- *Éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus an cháilíocht bheatha i gceantair thuaithe a fheabhsú*

## Postaer Sábháilteachta ar an bhFeirm

Forbraíodh Postaer Sábháilteachta A-Z ar an bhFeirm ag Teagasc in 2011 chun dul i ngleic leis an méid cásanna báis agus gortuithe olca a bhí ag tarlú ar fheirmeacha Éireannacha. Bhásaigh 22 duine i dtimpistí feirme in 2011 i ndiaidh 26 bás in 2010.

Ba smaoineamh chomhairleoir Theagaisc, Anthony O'Connor, an Postaer Sábáilteachta ar an bhFeirm. Úsáideann an postaer leagan amach tarraingteach A-Z chun meabhrú d'fheirmeoirí i leith príomhrialú "tarrthála" sábháilteachta. Dáileadh an postaer ar chliaint Theagaisc go léir i bpaca "nuachtlitir mhí Lúnasa". Sholáthraíodh é chuig comhlachtaí a bhí in úsáid ag feirmeoirí chomh maith, marglanna agus aitribh cheannaigh san áireamh.

Sheol an Taoiseach, Enda Kenny, T.D., feachtas Postaer Sábháilteachta ar an bhFeirm de chuid Theagaisc ag Campas Mhaoilíosa, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe.




*An Taoiseach, Enda Kenny, T.D. , sa phictiúr i dteannta Anthony O'Connor a chur an Póstaer um Shábháilteacht ar an bhFeirm i dtoll a chéile.*



*D'oscail an chéad ÉCONOMÚSEE in Éirinn ag Aambasadóir Cheanada in Éirinn i Stiúideo Celtic Roots i mBaile na hAbhann, Áth Luain, Contae na hIarmhí, a Oirircheas, Loyola Hearn (sa lár).*

## ÉCONOMUSÉE

Is gnó nó ceird cheardaíbhunaithe é ÉCONOMUSÉE a osclaíonn a ndoirse don phobal chun taithí foghlama agus léirmhínithe a thabhairt dochuairteoirí. Is díol spéise tábhachtach cultúrtha turasóireachta ÉCONOMUSEEanna agus glacann siad páirt in inbhuanaitheacht i gceantair thuaithe le cruthú fostaíochta agus ag cruthú díol spéise a mhealann turasóirí go réigiúin tuaithe.

D'eascair an deis an chéad ÉCONOMUSÉE Éireannach a chruthú as cuireadh do Theagasc chun a bheith páirteach i dtionscnamh Chlár Fhorimeall Thuaisceart an AE (NPP) chun an tionscnamh ÉCONOMUSÉE a thabhairt go ceantair thuaithe roghnaithe san Eoraip. Is é an cuspóir ná ar a laghad ceithre ÉCONOMUSÉE a bheith in Éirinn.

Tá Stiúideo Celtic Roots cáiliúl go domhanda de bharr dair phortaigh a chruthú, as a ndearnadh dair phortaigh, iúr agus péine atá beagnach cúig mhíle bliain d'aois. Tacaíodh le Stiúideo Celtic Roots ÉCONOMUSÉE ag Forbairt Pobail na hIarmhí Teoranta trí Chlár Forbartha Tuaithe (2007-2013).



*Pléann Taighdeoir Theagaisc, an Dr John Finnan (ar dhéis go hiomlán) fuinneamh in-athnuaite le feirmeoirí i dTeagasc i bPairc na Darach.*

## Deiseanna Fuinneamh Teasa

Is féidir le feirmeoirí a bheith mar sholáthraithe teasa na todhchaí le comhthiomsú acmhainní le chéile, agus chun é seo a bhaint amach tacaíonn Teagasc le roinnt grúpaí táirgeoirí adhmaid atá ag oibriú go náisiúnta cheana féin. Ba é seo an teachtaireacht ó Chomhairleoir Foraoiseachta Theagaisc, Frances McHugh, a bhí ag labhairt ag Bithfhuinneamh 2011 ('Bionergy'11) i gCaisleán Bhaile Eoin.

Eagraíodh an ócáid, Bithfhuinneamh 2011, ag Teagasc i gcomhpháirt le hÚdaráis Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus COFORD. Ba théama láidir idir na cainteoirí é tábhacht na hearnála príobháidí a shlógadh chun na foraoiseacha a chaolú.

Dúirt stiúrthóir Theagaisc, an tOllamh Gerry Boyle, ag an gcomhdháil: "Creidimid go mbeidh borradh gasta na hearnála fuinneamh adhmaid ina thairbhe do níos mó ná 15,000 feirmeoir a d'fhorbraigh fiontar feirm foraoiseachta. Ag labhairt ag an gcomhdháil,

mhínigh an Dr Joanne Fitzgerald, taighdeoir foraoiseachta Theagaisc, conas gur féidir teicníochtaí GIS a úsáid chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige braislebhunaithe chun an áit a bhfuil na hachmhainní foraoiseacha príobháideacha lonnaithe maidir le suíomh na n-úsáideoirí teasa. Dúirt an Dr Fitzgerald "Is ceann de na gnéithe criticiúla é láithreacht nó asláithreacht de bhóithre rochtana nuair atá ceist faoi chaolú na foraoise á plé."

## Feamainn agus Sláinte

Tá lipidí ó éagsúlacht de speicis feamainne Ceanadaí agus Éireannaí á bhfiosrú ag Taighdeoirí Theagaisc le haghaidh a gcuid airíonna sláinte croí.

In Éirinn agus sna cúigí Ceanadacha de Newfoundland agus Labrador, tá tráidisiún fada úsáide feamainne. In Éirinn, mar shampla, baintear 36,000 tonna d'fheamainn go bliantúil. Cuimsítear faoi speicis feamainne inspéiste tráchtála in Éirinn Laminaia digitata agus speiceas Fucus (Fucus vesiculosis, Fucus serratus agus Fucus spiralis), a bhaintear go hiondiúl le haghaidh a gcuid carbaihiodráite luachmhaire, Laminarin agus Fucoidan, faoi seach.

Tháinig an earnáil bhreisluacha den tionscal feamainne in Éirinn amach chun tairgí níos tarraingtí, ardchaigdeáin a tháirgeadh le húsáid mar thairgí cúram coirp fheidhmigh agus cosmaidí.

Tá gníomhaíocht theoranta dírithe ar dhúshaothrú acmhainní feamainne Éireannaí chun leas a bhaint as comhábhair bhia fheidhmiúil le buntáistí sláinte feabhsaithe a mhaireann níos faide ná cothú bunúsach don tomhaltóir.

Tá Clár Taighde NutraMara de chuid Theagaisc ag oibriú faoi láthair ar fhorbairt an limistéir bhia fheidhmigh de bhunús muirí in Éirinn. Tuigtear go bhfuil roinnt comhdhúile sláinte croí i bhfeamainn, lena n-áirítear coscairí ACE, frithocsaídeoirí agus aigéid shailleacha bhuntábhachtacha (lipidí).



# *Cuspóir 3- Éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus an cháilíocht bheatha i gceantair thuaithe a fheabhsú*

## Ealaín Déanta Camán

Tá DVD nua darbh ainm "The Art of Hurley Making – From Ash to Clash" arna tháirgeadh ag an CLG, Teagasc agus Gild Dhéantóirí Camáin Fuinseoige na hÉireann. Insíonn an DVD an scéal de dhéantóireacht camán Éireannach, ó phlandáil an chrainn fuinseoige, trí cheardaíocht an chamáin, go dtí go bhfuil siad in úsáid ar pháirc imirthe i bPáirc an Chrócaigh.

Beidh an DVD ar siúl sa Mhúsaem Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus beidh sé ar fáil le breathnú ag láithreáin ghréasáin na dtrí eagraíocht. Dúirt stiúrthóir Theagaisc, an tOllamh Gerry Boyle, ''gur sócmhainní náisiúnta tábhachtacha iad ár bhforaoiseacha, nach bhfuil ag cur ach le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le comhshaol inbhuanaithe na tíre, ach i gcás phlándáil na fuinseoige maidir lenár gcultúr tábhachtach spóirt. Tá Teagasc bródúil as bheith ag oibriú le Gild Dhéantóirí Camáin Fuinseoige na hÉireann agus an CLG ar an DVD seo.'

*Willie McAuliffe, Úachtaráin Ghild Dhéantóirí Camáin Fuinseoige na hÉireann; An tAire Stáit, Shane Mc Entee T.D, an Dr Gerry Boyle agus Úachtarán an Chumainn Lúthchleas Gael, Criostóir Ó Cuanna ag an lainseáil i bPairc an Chrocaigh den DVD "The Art Of Hurley Making – the Clash of the Ash".*



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

PRÓIFÍL CHLIAINT






## Jim Dunne, Déantóir Camán
*Sliabh na mBan*

*De réir an fheirmeora, úinéir muileann sábhadóireacta agus an chliaint seo de chuid Theagaisc i dTiobráid Árann tá éileamh ar chamáin de chaighdeán ard níos láidre ná riamh. Faoi mar a éiríonn an ghrian thar Shliabh na mBan, tosaíonn Jim Dunne an lá suite go dlúth i dtír iománaíochta Thiobraid Árann. Is ag aoireacht a thréadta laonna ar an bhfeirm 125 acra a chéad phost, ach ní fada go dtéann sé isteach sa mhuileann sábhadóireachta. Tá Jim i mun sábhmhuileoireacht an chuid is mó dá shaol, ag an tús, d'oibrigh sé le daoine eile ach ansin i 1994, bhunaigh sé a mhuileann sábhadóireachta dó féin. Inniu, is ceann de na príomhchéimeann é muileann sábhadóireachta Jim trína n-aistrítear crainn fuinseoige ina gcamáin ardchaighdeáin.*

*"Thosaíomar ag próiseáil ábhair stanga fáil, síothláin, cuaillíe agus ráillí."a dúirt Jim. Leis na muilinn sábhadóireachta mhóra d'éirigh próiséas an adhmaid níos uathoibrithí, d'éagsúlaigh Jim i bpróiseáil tairgí níos sainfeidhmí. Inniu, próiseálann sé 70,000 stoc camáin atá díolta le déantóirí camán ar fud na tíre, déanann sé geataí adhmaid, bosca cáise agus foirgníonn sé coirceoga fiú.*

### Stoic Chamáin
*Thosaigh Jim ag plancáil stoic chamáin i 1996 ina ndéanann sé an stoc a slhiseadh ar bhon saineolach chun an úsáid is fearr a fháil as an grán cuartha ag bun an chrainn. Rinne Jim stoic fuinseoige ó gach cearn den Eoraip a phlancáil agus creideann sé go bhfuil an fhuinseoig Éireannach an ceann is fearr. "Fasann sé níos tápúla anseo agus tá grán níos mó ann. Is aoibhinn leis na déantóirí camáin é seo, toisc go bhfuil sé níos éasca a oibriú." Is sampla maith é muileann Dunne chun buntáistí na bhforaoiseacha a léiriú." a dúirt Micheal Somers, Oifigeach Forbartha Foraoiseacha le haghaidh Luimnigh agus Thiobráid Árann le Teagasc.*

*"Is é an príomhcheacht atá le foghlaim againn ná go gcaithfimid a bheith an-solúbtha agus i gconaí oscailte le haghaidh dúshláin nua agus margaí nideoige" a dúirt Jim mar fhocal scoir.*

# *Cuspóir 3- Éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus an cháilíocht bheatha i gceantair thuaithe a fheabhsú*



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

PRÓIFIL FOIRNE

**Sandra Hayes**

***Comhairleoir Teicneolaíocht agus Gnó Déiríochta, Durlas.***

Chuaigh Sandra le Teagasc in 2001 agus bunaíodh í i dtosach in oifig Phort Laoise. Go dtí 2009, bá chomhairleoir í den Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil faoin Tuath (REPS) agus bhí grúpa díospóireachta stoic thirim ar siúl aicí ar an taobh.

Inniu, oibríonn Sandra ó oifig Dhurlais mar chomhairleoir Déiríochta agus Teicneolaíochta le 170 cliant déiríochta agus 40 cliant eile. Is croíghníomaíocht Sandra éascú sé ghrúpa díospóireachta atá mar chuid de Chlár Éifeachtachta Déiríochta na Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

"Ba dhúshláin é aistriú go déiríocht ach b'iontach an chabhair a fuair mé ó shaineolaithe, leathbhádóirí comhairleacha agus taighdeoirí den chéad scoth" a deir Sandra. Le laghdú ag teacht ar líon na gcomhairleoirí talmhaíochta mar thoradh ar an neamhionadú pinsinéirí, tá an méid oibre ag méadú ach deir Sandra nach gceadaítear don chaighdeán athrú.

"Athróidh an méid teagmhála le cliaint maidir le saghas an chonartha atá acu le Teagasc ach áiritheoimid go bhfaighfidh na cliaint an leibhéil céanna de ghairmúlacht."



## An ''Micribhithóm'' putóige naíonáin a fheabhsú

Rinneadh dul chun cinn suntasach i dteicneolaíocht seicheamhaithe ó thosaigh an rás chun géanóim an duine a sheicheamhú. Mar chuid de Chlár Físe Theagaisc, suiteáladh "Seicheamhóir den chéid ghlúin eile" – an t-aon cheann den chineál seo in Éirinn – in Ionad Taighde Bia Theagaisc, sa Chloch Liath.

Tá an teicneolaíocht seo in úsáid chun micrea-orgánaigh a sheicheamhú ó cheann den chomhshaoil is déine, i.e, conair ghaistraistéigeach an duine (putóg). Tá an cumas ag putóg an duine cur isteach go mór ar shláinte an duine. Is amhlaidh atá an scéal, toisc go gcomhfhreagraíonn na micróib le 9 as 10 gcillín inár gcorp.

Cinnte, sa stéig mhór, is féidir lena mhéid agus 100 billiún micróib a bheith ann i ngach gram.
Tugtar "micribhithóm" an duine ar an gcnuasach seo de mhicróib.

Sa sa mhicribhithóm seo 100 uair níos mó géine ná iad siúd atá inár ngéanóim féin, agus tá cumas meitibileach acu ar chomhionann leis sin dár n-ae.

Cé go rachaidh an taighde seicheamhúbhunaithe den chéad ghlúin eile chun sochair gac duine den daora, faoi dheoidh, go nuige seo, leagadh béim ar leith i dTeagasc ar an micribhiothra a fhiosrú, agus nuair is cuí, é a athrú, atá lonnaithe i bputóg dhaoine scothaosta, naíonáin agus daoine murtallacha.

Mar shampla, is ann d'fhianaise a thugann le fios go mbaineann ríthábhacht le luathchóilíniú na conaire gaistraistéigí ag micróib ar mhaithe le sláinte fhoriomlán an naíonáin.

Is mórimreoir í Éire sa tionscal domhanda um bainne foirmle do naíonáin agus táirgeann sí thart ar 15% de na heaspórtálacha domhanda, agus baineann ríthábhacht le taighde sa limistéar seo maidir leis an gclú atá ar Éirinn sa limistéar seo a choimeád agus a fheabhsú níos mó.

Tá comhthaighde idir Teagasc, COC agus Ospidéal Máith reachais Chorcaí ag baint leasa as teicneolaíocht seicmheamhaithe den chéad ghlúin eile chun tabhairt faoi thaighde sa limistéar seo.


CLAAS
LEXION 410

# Cuspóir 4

## Cumas eagraíochtúil a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh



Agriculture and Food Development Authority

# Cuspóir 4 - *Cumas eagraíochtúil a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh*

## Straitéis Athraithe Ceannaireacht Daoine Theagaisc (PLC)

Seoladh an Straitéis um Athrú Ceannaireacht Daoine Theagaisc (PLC) in Aibreán 2011. Trí chur i bhfeidhm na straitéise seo, tá cultúr obair foirne, nuálaíochta, comhtháthaithe agus oiriúnaithe á shaothrú ag Teagasc chun timpeallacht ardfheidhmíochta a chrúthú.

Tá ag an straitéis PLC cúig chuspóir straitéiseacha

- Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a thógáil a éascóidh cultúr obair foirne, nuálaíochta agus oiriúnaithe daoine.
- Riachtanais oiliúna a ailíniú go straitéiseach le riachtanais an ghnó agus chun an idirghabháil oiriúnach foghlama agus forbartha a sheachadadh d'fhonn feabhas a chur ar rannpháirtíocht na bhfostaithe agus ar fheidhmíocht na heagraíochta.
- Ár mbainisteoirí agus ár gceannasaithe reatha agus amach anseo a fhorbairt chun tionchar réamhghníomhach a imirt ar a bhfoirne agus chun iad a spreagadh agus chun cur ar a gcumas cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.
- An fhoireann a mhealadh, a choimeád, a aithint agus a spreagadh chun ardfheidhmíocht a bhaint amach. Teagmháil le fostaithe, cumarsáide dhá bhealach agus comhpháirtíocht leis an bhfoireann a feabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht.




*Ag seoladh Chlár um Athrú Ceannaireacht Daoine Theagaisc bhí an tUasal Alan Phelan, Ceann AD, an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach Theagaisc, Valerie Farrell, Bainisteoir AD agus an tOllamh Gerry Boyle.*

Dúirt an Bainisteoir AD le Teagasc, Valerie Farrell: "Tá Clár Theagasc dírithe go soiléir thart ar Chlár Athraithe Theagasc agus an Comhaontú Seirbhíse Poiblí a chur i bhfeidhm (Páirc an Chrócaigh), mar aon leis na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach i bhFómhar Bia 2020 a bhaint amach.

Is faoi na daoine na daoine san eagraíocht conas a éiríonn linn na pleananna seo a bhaint amach. Beidh tionchar ag conas a fhásanna ár muintir, conas a chothaítear iad agus conas a spreagtar iad ar conas a fheidhmíonn siad agus céard a chuirfidh siad leis an earnáil agraibhia.

## Líonta Foirne 2007-2011

Tá laghdú tagtha ar líonta foirne Theagaisc ó 1,574 in 2008 go dtí 1,189 i mbun oibre amhail deireadh 2011.

## Láithreáin Ghréasáin agus na Meáin Shóisialta i dTeagasc

In 2011, chomhcheangail Teagasc na meáin shóisialta isteach ina ngníomhaíocht chumarsáide margaíochta agus bhunaigh siad cuntais Facebook, Twitter agus YouTube mar bhealach eile chun idirghníomhú agus cumarsáid a dhéanamh leis na mic léinn, cliaint, páirtithe leasmhara agus na meáin.

Tá leas á bhaint ag Teagasc as láithreáin mhéan sóisialta chun nuacht a chraoladh, imeachtaí atá ag teacht aníos a phoibliú, grianghraif a roinnt, daoine a mhealladh chuig an bpríomhláithreán gréasáin agus chun nasc a dhéanamh leis an lucht leanta.

Faoi dheireadh 2011, bhain Facebook corparáideach Theagaisc breis agus 3,000 ball amach agus nach mór 1,000 de lucht leanta ar Twitter.

Rinne cainéal YouTube Theagaisc 95 fístéip a chraoladh a seinneadh 15,584 uair ar an iomlán.

D'fhorbair Teagasc Chill an Dátúnaigh leathanach Facebook le haghaidh Choláiste Chill an Dátúnaigh agus tá acu breis agus 700 de lucht leanta agus d'fhorbairt Foraoiseacht Theagaisc leathanach Facebook chomh maith agus tá 97 de lucht leanta acu.


Ina theannta sin, is ann do chuntas Twitter ag Taighde Theagaisc, a chuireann i láthair an nuacht agus na himeachtaí is déanaí i dtaighde ar agraibhia agus tá acu lucht leanta 600 duine.

Leanann méadú ag teacht ar úsáid láithreáin ghréasáin Theagaisc mar fhoinse sonraí faisnéise agus eolais gach bliain de réir mar a fhorbraítear an líon leathanaigh agus míreanna nua. Tugadh breis agus aon mhilliún cuairt ar chomhláithreáin ghréasáin Theagaisc le linn 2011. Mhair an mheánchuairt idir 6 agus 8 nóiméad agus thug cuairteoirí ó bhreis agus leath milliún seoladh uathúil idirlín.

## Infheistíocht Straitéiseach

D'fhonn moltaí Fhómhar Bia 2020 a sheachadadh agus an Clár um Athrú Eagraíochtúil a chur i bhfeidhm, ní mór do Theagasc infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar criticiúil. Tá sé beartaithe infheistíocht a dhéanamh i dtrí mhórthionscadal sa dá bhliain amach romhainn. Tógfar Aonad Taighde Muc sa Chloch Liath, chun an áis reatha a ionadú, mar aon le hÁis Bitheástála Ainmhithe ar costas €2.5 milliún.

Ina theannta sin, tógfar Áis Oideachais agus Nuálaíochta Déiríochtbhunaithe d'oiliúint mic léinn agus feirmeoirí déiríochta sa Chloc Liath ar costas 3.7 milliún, cé go síltear go ranníocfaidh Iontaobhas FBD €2 milliún leis seo.




Déanfar infheistíocht €4.75 milliún i mBaile an Ásaigh chun áiseanna nua gairneoireachta a chur ar fáil agus chun cóiríocht a chur ar fáil don fhoireann siúd a aistreofar ó Chionn Sáile. Cisteofar na tionscadail seo ó oifigí a dhíol, coigilteas ó thionscadail eile agus athlonnú cistí reatha.

.

## Clár Athraithe Theagaisc a chur i bhfeidhm

Tá Clár Athraithe Theagaisc 2009-2013 á chur i bhfeidhm faoi láthair, agus laghdaíodh an líon Stiúrthóireachtaí ó 6 go dtí 3, ar laghdú é seo sa líonra oifigí comhairleacha ó 91 go dtí 51 (36 arna ndúnadh go dtí seo), ar laghdú 30% seo ar an mbonn talún a úsáidtear le haghaidh taighde, cuíchóiriú riaracháin agus atheagrú sheachadad an oideachais.

Leantar le lucht bainistíochta sheirbhís chomhairleach Theagaisc, laistigh den stiúrthóireacht Aistrithe Eolais, a chuíchóiriú agus tá bainistíocht á déanamh uirthi anois mar 12 aonad réigiúnacha, ar laghdú seo ón 18 n-aonad. Is iad na 12 aonad:

**Réigiúin Chomhairleacha**

Oirthear Chorcaí
Iarthar Chorcaí
Gaillimh/an Clár
Ciarraí/Luimneach
Laois/Cill Dara/an Mhí/Lú/Baile Átha Cliath
Maigh Eo
Ros Comáin/an Longfort
Sligeach/Liatroim/Dún na nGall
Tiobraid Árann
Port Láirge/Cill Chainnigh
An Iarmhí/Uíbh Fhailí/an Cabhán/Muinechán
Loch Garman/Cill Mhantáin/Ceatharlach

# Cuspóir 4 - *Cumas eagraíochtúil a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh*




*Tá Meabhrán Comhaontaithe sínithe ag COBÁC agus ag Teagasc chun an 'Chomhpháirtíocht Náisiúnta Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta Talmhaíochta' a bhunú. Ag an síniú sa phictiúr tá Stiúrthóir Theagaisc, an tOllamh Gerry Boyle, Uachtarán COBÁC, an Dr Hugh Brady agus an tUasal Michael Berkery, Cathaoirleach Chomhghrúpa Oibre COBÁC/Theagaisc.*

## Comhpháirtíocht Náisiúnta Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta Talmhaíochta COBÁC/Theagaisc

The Bunaíodh an Comhpháirtíocht Náisiúnta Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta Talmhaíochta idir COBÁC agus Teagasc in 2011 chun feabhas a chur ar cheannaireacht eolaíochta agus theicniúil an dá eagraíocht agus chun bheith mar bhonn agus taca le hiomaíochas, borradh agus forbairt inbhuanaithe idirnáisiúnta na hearnála talmhaíochta.

Cuirfidh sí oideachas den chéad scoth ar fáil do mhic léinn talmhaíochta agus cuirfidh sí sár-chláir thaighde fheidhmigh agus bhunúsaigh ar fáil i limistéir lena mbaineann talmhaíocht na hÉireann.

Díreoidh croístraitéis na Comhpháirtíochta ar bhunú, i ndlúth-chomhoibriú leis an tionscal, Clár Náisiúnta Taighde, Oideachais agus Nuálaíochta Talmhaíochta atá nasctha le straitéisí an dá eagraíocht. Ag croílár an chláir náisiúnta, beidh clár comhaontaithe taighde talmhaíochta; comhstraitéis le haghaidh oiliúint iarchéime, lena n-áirítear soláthar go mbeidh baint níos mó ag pearsanra Theagaisc i dteagasc fochéime agus iarchéime, teagmháil níos substaintiúla a éascú ag pearsanra COBÁC i gcláir thaighde agus i ngníomhaíochtaí aistrithe teicneolaíochta Theagaisc.

Is é an tOllamh Maurice Boland, Ceann Dhámh na Talmhaíochta, na hEolaíochta Bia agus na Míochaine Tréidliachta in COBÁC, stiúrthóir na Comhpháirtíochta.

## Tuarascáil Bhliantúil um Úsáid Fuinnimh 2011

Oibríonn Teagasc ó thart ar 60 láthair go náisiúnta de mhéideanna áirithe idir áiseanna de stíl Champais ina bhfuil 100+ ball foirne (e.g. Ionaid Taighde agus Coláistí) agus oifigí beaga áitiúla Comhairleacha ina n-oibríonn thart ar 10 mball foirne. Is í 'timpeallacht thógtha' Theagasc an príomhúsáideoir acmhainní fuinnimh agus úsáideann sí a mhéid agus 70% den ídiú iomlán.

- In 2011, d'úsáid Teagasc 24,200 MWh d'fhuinneamh, ina raibh 9,200 MWh leictreachas nó 38% den fhuinneamh iomlán
- 9,400 MWh de bhreosla iontaise (75% ola, 25% gás) le haghaidh spástéimh nó 39% den fhuinneamh iomlán
- 4,600 MWh de bhreosla feithicle (iompar talmhaíochta, tráchtála agus an chabhlach ghluaisteán) nó 19% den fhuinneamh iomlán
- 1,000 MWh de bhreoslaí in-athnuaite nó 4% den fhuinneamh iomlán

Tá clár i bhfeidhm ag Teagasc chun ábhar tógtha a n-áiseanna a uasghrádú d'fhonn cailleadh teasa a laghdú (déghloiniú, insliú dín agus balla, etc.). Leanfaidh an clár seo in 2012. In 2011, suiteáladh coirí bithmhaise ag campais Bhaile Átha an Rí agus Chaisléan Bhaile Sheáin.

## Infheistíochtaí TFC

In 2011, d'infheistigh Teagasc leathmhilliún Euro ina gcórais TFC. Thug siad mór-uasghráduithe chun críche ar a gCóras Airgeadais, Córas AD/Párolla agus a gCóras Monatóireachta eProfit. Ina theannta sin, chuir siad cur i bhfeidhm bunachar sonraí sraith nua ama le haghaidh sonraí hidreamheitéareolaíocha don tionscadal Abhantraí Talmhaíochta i gcrích.

## Clár Infheistíochta Caipitiúla

In 2011, chuir Teagasc tógáil mórÁis nua Eolaíochta Bithí sa Ghráinseach i gContae na Mí i gcrích.

Cuireadh tús le hobair thógála ar áis nua taighde ar chaoirigh i mBaile Átha an Rí agus bunaíodh feirm thaispeántais chaoirigh chomh maith.

## Díolacháin oifigí agus talún

Tá Teagasc ag leanúint lena réasúnú trí chur i bhfeidhm Chlár Athraithe Theagaisc laistigh den eagraíocht. Díoladh na hoifigí comhairleacha a leanas in 2011:

Inis Díomáin, Contae an Chláir

Dún Mánmhaí, Contae Chorcaí

Baile na Lorgan, Contae Mhuineacháin

Droichead na Bandan, Contae Chorcaí

Ceanannas, Contae na Mí

Mainistir na Búille,
Contae Ros Comáin

Baile Shligigh

Ba é an tionscadal suntasach eile a bhí le críochnú in 2011 Ceannach Éigeantach talún ag Comhairle Contae Chorcaí le haghaidh feabhsú bóithre i ngar do Champas na Cloiche Léith i Mainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí.

Faoin gClár Athraithe, cuireadh deireadh le Léasanna spás oifige agus Léasanna Talún araon i sé láthair ar fud na tíre amhail a dtugtar breac-chuntas air thíos:

Port Omna, Contae na Gaillimhe
Oifig Chomhairleach

Béal an Mhuirthead, Contae Mhaigh Eo
Oifig Chomhairleach

Tír Oileán, Gaillimh
Oifig Chomhairleach

An Líonán, Contae na Gaillimhe
Léasú Talún

Baile Dhabhag
Léasú Talún

# *Cuspóir 4 - Cumas eagraíochtúil a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh*

## Deisiúcháin do Theach Pháirc na Darach

Tá Ceannoifig Theagaisc lonnaithe i dTeach Pháirc na Darach, Páirc na Darach, Ceatharlach. Is ó thart ar 1760 an Teach. Ba iad Muintir Cooke na chéad daoine a chónaigh sa teach, agus cheannaigh Muintir Bruen an teach i 1775, agus uaidh bhí cúig ghlúin den mhuintir sin ina gcónaí san fhoirgneamh galánta seo.

I 1954, i ndiaid bhás Henry Bruen, cheannaigh Brown's Hill Farms an talamh, agsu ghlac Coimisiún na Talún seilbh uirthi ina dhiaidh sin. D'úsáid an Stát an teach agus na tailte mar áis taighde talmhaíochta ó na 1960idí i leith agus in 2004, d'athlonnaigh Teagasc a gCeannoifig ó Bhaile Átha Cliath chuig teach Pháirc na Darach. Tógadh síneadh comhaimseartha cliatháin ag C.J. Falconer and Associates in 2009.

Le blianta beaga anuas, bhí deisiúcháin leanúnacha de dhíth ar fhuinneoga agus ar dhíon an tí mar aon le cothabháil, agus in 2011, i ndiaidh comhairliúchán le Comhairle Contae Cheatharlach, fuair an struchtúr faoi chosaint seo díon agus fuinneoga nua a chomhlíon cúrsaí Caomhnaithe go hiomlán.



*Deisiúcháin dín ar bun ag Teach Pháirc na Darach, Ceatharlach*

## Comhdháil Uile-Fhoirne

An 13 Deireadh Fómhair 2011, bhí a gcéad Chomhdháil Náisiúnta Foirne ag Teagasc, in The Hub, Cnoc an Chillín, Cill Chainnigh. Thionól an t-imeacht céaduaire lae iomláin breis agus 900 ball foirne in aon láthair amháin; d'fhan creatfhoireann ag oifigí agus ag ionaid.

Luaigh nach mór 95% de na 700 duine a chomhlánaigh foirmeacha aiseolais go raibh an lá a fheabhas a cheap siad a bheadh sé nó go raibh sé ní ab fhearr.

*An lucht freastail ar an gcéad Chomhdháil Náisiúnta Foirne a bhí ar siúl i gCill Chainnigh i nDeireadh Fómhair.*






*Bonn Óir Theagais á bhronnadh ag an Dr Noel Cawley ar an Ollamh Paul Ross.*

## Dámhachtainí Foirne

Tá trí scéim dámhachtainí ar bun i dTeagasc chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí na foirne. Ba é an tOllamh Paul Ross, Ceann an Chláir um Thaighde Bia buaiteoir Bhonn Óir Theagaisc 2011.

Bronntar Bonn Óir Theagaisc ar bhonn bliantúil ar bhall foirne feidhmiúil a chuir go fíor-shuntasach leis an eagraíocht agus le hearnáil an agraibhia.

Bronnadh an dámhachtain ar an Ollamh Ross mar aitheantas ar a éachtaí le linn a ghairme i dTeagasc ó chuaigh sé leis an eagraíocht i 1993.

Bhí sé ina údar le breis agus 300 foilseachán piarathbhreithnithe eolaíochta go dtí seo, sa mhullach ar caibidlí iomadúla leabhair, agus airteagail eile.

Bhreisigh caighdeán a thaighde clú eolaíochta an chláir thaighde, agus d'fhorbair sé comhair shuntasacha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le cistiú suntasach a chur faoi urrús don chlár taighde.

Cuireann Clár Dámhachtainí Nuálaíochta Oscailte Theagaisc nuálaíocht chun cinn i measc na foirne. Tugann an clár seo cuireadh do bhaill aonair foirne nó d'fhoirne aonair smaointe nó tionscadail a chur faoina mbráid a d'fhéadfadh cabhrú le Teagasc chun feabhas a chur ar conas a dhéanann siad a gcuid gnó agus a chun nuálaíocht agus rannpháirtíocht fostaithe a spreagadh.

Aithníodh ceathrar ball déag foirne as ucht a dtionscnamh le linn 2011. Seoladh agus reáchtáladh Scéim bhliantúil Dámhachtainí Sármhaitheasa Theagaisc in 2011. Is é bunchuspóir na scéime chun sár-éachtaí na foirne a aithint agus a dámhachtain a bhronnadh orthu. Cuirtear dámhachtainí ar tairiscint i gcúig chatagóir agus is faoi na foirne agus na daoine aonair atá sé cur isteach orthu. I measc thionscadail bhuaite 2011 bhí an méid a leanas:

Sármhaitheas san Oideachas
(Tionscadal maolaithe Theagaisc do Chóras Coitianta Dámhachtana FETAC)

# *Cuspóir 4 - Cumas eagraíochtúil a fheabhsú agus luach ar airgead a sheachadadh*

**Sármhaitheas Seirbhíse**
(sárchothabháil na dtailte ag Campas Uí Mhaoilíosa), (Tacaíocht teicneolaíochta d'ardteicnící bitheolaíochta móilíní sa chlár Eolaíocht Ainmhithe). (Sármhaitheas in iniúchadh inmheánach). (Dearadh agus Oibriú Luathscoir Dheonaigh (VER)) agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS).

**Sármhaitheas i gComhtháthú Eagraíochtúil a chur chun cinn**
(Obair Ghrúpa Creatstiúrthóireacht Uisce Theagaisc).

**Sármhaitheas Taighde**
(Bitheolaíocht ríomhaireachtúil a bhunú sa chlár Eolaíocht Bhitheach Ainmhithe agus clár ardhfheidhmíochta a dhéanamh de in ioncam agus i bhfoilseacháin sheachtracha.), (feabhsúcháin ar sheilfré bhia).

**Sármhaitheas in Aistriú Eolas**
(Foilsiú Lámhleabhar Déiríochta Theagaisc – treoir chuimsitheach do gach gné d'fheirmeoireacht déiríochta). (Cur i gcrích ardlíonta Monatóireachtaí eProfit d'fheirmeoirí Déiríochta), aistriú eolais sa ghairneoireacht.





*Ag Comhdháil Agrachomhshaoil Theagaisc a bhí ar siúl in Áth Luain i Samhain 2011 bhí na hurlabhraithe (ó chlé): Mark Gibson, Teagasc; Mairéad McGuinness, MEP agus urlabhraí príomhnóta ag an gcomhdháil; Phil Jordan, Clár Abhantraí Talmhaíochta Theagaisc agus Bill Callanan, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.*

*In 2011, bhí cruinniú ag baill d'Údarás Theagaisc ag Coláiste Gairneoireacht Fóntais Theagaisc, Garraithe na Lus, Baile Átha Cliath. Sa phictiúr tá an tUasal Pádraig Gibbons; an tUasal Martin Heraghty; an tUasal Margaret Sweeney; an tUasal Harold Lalor, Príomhoide ar Scor, an Coláiste Gairneoireacht Fóntais, Garraithe na Lus; an Dr Noel Cawley, Cathaoirleach; an tUasal Eddie Downey; an tUasal James J. Brett; an tUasal Joe Fitzgerald; an tUasal Frank O'Mahony agus an tUasal Marie Christie.*



*Rannpháirtí ag Seachtain Bhliantúil Eolaíochta Theagaisc 2011.*

## Imeachtaí Sheachtain na hEolaíochta 2011

D'óstáil ionaid taighde Theagaisc: an Chloch Liath, - Talmhaíocht agus Bia; Páirc na Darach; Baile an Ásaigh; Caisleán Bhaile Sheáin; Baile Átha an Rí mic léinn ó mheánscoileanna mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta i Samhain. Le linn na gcuairteanna seo, chonaic na mic léinn samplaí praiticiúla d'úsáid na heolaíochta sa talmhaíocht agus i dtáirgeadh bia. Seo an cúigiú bliain a d'eagraigh Teagasc imeachtaí sheachtain na heolaíochta i ngach ceann dá bpríomhionaid chun an eolaíocht a chur chun cinn i measc daltaí dara leibhéal. D'fhreastail breis agus 2,000 duine..

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority

# PRÓIFÍL FOIRNE



**Caroline McDonald**
*Páirc na Darach*

Is oifigeach Acmhainní Daonna Caroline do Stiúrthóireacht Taighde Theagaisc agus tá sí bunaithe ag Ceanncheathrú Theagaisc ag Páirc na Darach i gCeatharlach. Chuaigh Caroline le Teagasc in 2005 agus tríd an gciste Forbartha agus Oiliúna Foirne, chuir sí teastas i gcrích i gCleachtas AD i gcrích mar aon le céim Leibhéal 8 i Riarachán Gnó.

Cé go bhfuil earcaíocht bhuan faoi Mhoratóir na hEarnála Poiblí curtha ar fionraí, caitheann Caroline go leor dá cuid ama ag earcú eolaithe agus teicneoirí sealadacha taighde chun oibriú ar na tionscadail iomadúla nua agus leanúnacha chistithe taighde. Ní raibh seo an príomhlimistéar gníomhaíocht earcaithe i gcónaí i dTeagasc agus ní dhéanann an Moratóir Soláthar Foirne difear dó de bharr go gcistítear na postanna go hiomlán trí fhoinsí seachtracha.

A luaithe a shainaithnítear iarrthóir oiriúnach, téann Caroline i dteagmháil leis an iarrthóir chun tairiscint fostaíocht a dhéanamh dóibh agus déanann sí gach páipéarachas riachtanach conartha a phróiseáil.
Sa mhullach air sin, is í Caroline an príomhphointe teagmhála idir Teagasc agus an tSeirbhís Ceapachán Poiblí a dhéanann an próiseas earcaithe a riar.

Anuas ar an athfhostaíocht inmheánach a bhainistiú do na Stiúrthóireachtaí Taighde, bainistíonn Caroline an próiseas athfhostaíochta seachtrach lenar comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháirc an Chróchaigh (CPA) do Theagasc.

Teastaíonn seo chun téarmaí an CPA a chomhlíonadh agus chun spriocanna foirne Theagaisc a bhaint amach faoin gCreatlach Rialaithe Fostaíochta. Thit athfhostaíocht dheonach agus neamhdheonach araon amach in 2011.

Bíonn baint ag Caroline mar bhall den ghrúpa oibre do dhá thionscadal faoi straitéis um Cheannaireacht Daoine agus Athrú Theagaisc – Clár Dámhachtana agus Aitheantais Iomláin Theagaisc agus faoin gClár Forbartha Bainistíochta.

An tÚdarás
Talmhaíochta
agus Forbartha Bia

# Ráitis airgeadais
## Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011



Agriculture and Food Development Authority

# *Ráitis airgeadais*
## *Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011*

Clár | Leatahnach


| | |
|---|---|
| TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 53 |
| RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 55 |
| RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS | 56 |
| BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 57 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 59 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 59 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 60 |
| NÓTAÍ NA RÁITIS AIRGEADAIS | 61 |

# *Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*
## *le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais*

Tá ráitis airgeadais Teagaisc don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 201 iniúchta agam faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu siúd, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus na nótaí gaolmhara. Dlí infheidhme atá sa chreatlach tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhúcháin agus is Cleachtas Cuntasaíochta lena bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn í.

Freagrachtaí Bhaill an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, lena chinntiú go léirítear iontu seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a n-ioncam agus a gcaiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta Iniúchta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchta le haghaidh Iniúchóirí a chomhlíonadh.

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh chun feidhme iad agus cibé acu ar nochtaíodh nó nár nochtaíodh iad go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa Tuarascáil Bhliantúil le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Má thugaim aon mhíráitis nó mhíréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar a n-impleachtaí i leith mo thuarascála.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, léirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin.

I mo thuairim, choimeád an tÚdarás leabhair chuí chuntasaíochta. Ní thagann na ráitis airgeadais salach ar na leabhair chuntais.

Ábhar ar a dtuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- thug mé faoi deara le linn m'iniúchta aon ásc ábhartha nár caitheadh airgead chun na gcuspóirí a beartaíodh nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí de réir na n- údarás a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais di comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léirítear sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara ábhair eile ábhartha lena mbaineann an bealach inar tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Gerard Smyth
Thar ceann an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
An 29 Meitheamh 2012

# *Ráiteas foi Rialú Inmheánach Airgeadais*

Thar ceann Údarás Theagaisc, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm agus á choimeád.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar agus go mbraitear in am tráthúil earráidí nó mírialtachtaí nó caillteanas ábhartha. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta, i measc rudaí eile, ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá bearta déanta ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm tríd an méid a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní Teagaisc a chosaint
- cultúr de chuntasacht a fhorbairt ar léibhéil uile an eagrais.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás d’fhonn rioscaí gnó de Theagasc a aithint tré a leanas:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair Teagaisc a aithint agus méid agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha san áireamh:
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas:
- cumas Teagaisc a mheas maidir leis na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú:
- na costais a bhaineann le rialuithe faoi leith a mheas i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta ar a n-áirítear:

- córas cuimsitheach bliantúil um buiséádú agus thuairisciú airgeadais a athbhreithníonn agus a fhaomhann an tÚdarás;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar an straitéis fhoriomlán, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraithis i gcomparáid le buiséid oibriucháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Teagasc, feidhm a oibríonn de réir na riachtanas atá sa Chod Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir an gcritéir éifeachtachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagaisc a foilsíodh i 2008. Tugann anailís ar na rioscaí a bhfuil Teagasc faoi bunbhrí d’obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchta na pleananna don iniúchadh inmheánach. I 2009 d’fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchta.

Tugann obair an iniúchóra inmheánaigh; an Coiste Iniúchta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh; na bainisteoirí feidh-miúcháin laistigh de Theagasc atá freagrach as creat rialaithe an airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil; agus barúlacha a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta, bunbhrí do mhonatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Chuir an Coiste Iniúchta an tuarascáil ar “Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais” faoi chaibidil mar a chuir an tIniúchóir Inmheánach faoina bhráid ag an gcruinniú ar an 30 Samhain 2009 agus a d’fhaomh an tÚdarás ag a chruinniú ar an 2 Nollaig 2009. Thug siad dá aire mírialtachtaí ag tarlú i sonrascadh roinnt bheag cliant Theagaisc in 2009. Dhéileáil an bhainistíocht láithreach chun an chailliúint do Theagasc a íoslaghdú agus leasadh na nósanna imeachta chun a sheachaint go dtarlódh a leithéid de mhírialtachtaí arís. Feabhsaíodh nósanna imeachta do phatrúin ioncaim/oibre agus teannadh rialuithe slándála rochtana.

Dearbhaím gur sheol an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais in 2011.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2012

# *Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Údaráis*

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara a fhaomhadh le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Le linn na ráiteas airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuí chustasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leanúnach ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc ar aghaidh i mbun oibre;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais Theagaisc agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gCeannceathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Theagaisc a chosaint agus an méid is gá a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Dr Noel Cawley
Cathaoirleach
An 26 Meitheamh 2012

An tUasal Martin Heraghty
Ball an Údaráis

# Beartais Chuntasaíochta
## Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag Teagasc:

### Bonn cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi réir coinbhinsiún an chostais stairiúil, ach go gcuirtear sócmhainní áirithe isteach ar luacháil (féach thíos), agus i bhfoirm faomhaithe ag an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ag baint úsáide as modh cuntasaíochta na bhfabhruithe ach amháin mar atá luaite thíos agus de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na cuideachtaí cuntasaíochta aitheanta nuair is infheidhme iad.

### Maoiniú stáit

Áirítear maoiniú Stáit do thaighde san earnáil Bia, don chomhchlár taighde Stimulus agus do Chlár Dobharcheantar Talmhaíochta ar bhonn fabhraithe. Áirítear an maoiniú Stáit ar fad eile ar bhonn fáltas airgid thirim.

### Taighde agus tionscadail eile

Áirítear deontais maidir le taighde agus tionscadail eile ar ioncam sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas a bhaineann leo.

### Socmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais ar an 8ú Meán Fómhair 1988 ag na luachanna

deiridh a bhí i gCláir Chomhardaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag a gcostas. Ní dhímheastar talamh. Díscríobhtar costas nó luacháil sócmhainní seasta eile atá faoi úinéaracht trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Feirme | 20 bliain |
| Foirgnimh Eile | 50 bliain |
| Gléasra agus Feithiclí | 5 bliain |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliain |
| Trealamh Saotharlainne agus Oifige | 10 bliain |

Dímheastar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais thar téarma an léasa má tá sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu.

Gearrtar dímheas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscríodh na sócmhainní.

### Léasanna

Déileáltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Cuimsítear an ghné chaipitiúil des na hoibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar téarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin sa chuntas de réir mar a thabhaítear iad.

### Cuntas caipitil

Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus luach neamhamúchta cistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

### Stoic

Luacháil Oifigigh Teagaisc na stoic. Luacháiltear beostoc agus táirgí feirme féin ag glanluach measta inréadaithe. Deimhnítear glanluach inréadaithe ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Frithchaitear ina n-iomláine san ioncam oibriúcháin na gnóthachain agus caillteannais a eascraíonn as na luachálacha seo. Luacháiltear na stoic eile ar fad ag an gcostas níos ísle agus glanluach inréadaithe.

### Feichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta a luaithe is a n-éiríonn siad agus déantar soláthar ar leith má mheastar gur amhrasach í an aisghabháil.

Pinsin

Tá scéimeanna pinsin sochair shainithe ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a chuirtear ar fáil dó, le airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar fáil san áireamh, agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail bhall na foirne.

Déantar dliteanais Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh aonaid réamh-mheasta.

Frithchaitheann costais phinsin na sochair phinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Teagasc. Aithnítear méid atá cothrom leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is fur féidir é a aisghabháil, agus fritháirithe tré dheontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Aithnítear na gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe i dtoimhdí Achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain agus aithnítear coigeartú ag freagairt dóibh sa mhéid ar féidir a aisghabháil ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin todhchaíochta atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Moorepark Technology Limited

Is comhfhiontar é Moorepark Technology Limited idir Teagasc agus comharchumainn éagsúla talmhaíochta. Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íoctha na cuideachta. Ullmhaíodh ráitis airgeadais faoi leith maidir le Moorepark Technology Limited. Measadh nár chuí torthaí na cuideachta a chomhdhlúthú (Nóta 15).

Airgeadra Eachtrach

Aistrítear go Euro bearta a shonraítear in airgeadraí eachtracha agus cuirtear sa chuntas iad de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear go Euro sócmhainní agus dliteanais airgeadúla a shonraítear in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malartaithe a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

# *An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais*
## *Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011*

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2011 €'000 | An 31 Nollaig 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Maoniú Stáit | 2 | 139,404 | 134,653 |
| Maoiniú an AE | 3 | 1,775 | 1,553 |
| Ioncam oibriúcháin | 4 | 28,543 | 26,081 |
| Glanmaoiniú iarchurtha do phinsin | 9 | 15,315 | 20,161 |
| Barrachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 25 | 1,066 | 905 |
| Dontais eile, deonacháin agus tobhaigh dheonacha | | 2,488 | 2,248 |
| | | 188,591 | 185,601 |
| Caiteachas | 5 | 189,545 | 186,792 |
| | | (954) | (1,191) |
| Aistriú (go dtí)/ón gCuntas Caipitil | 12 | (5) | 4,578 |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain airgeadais | | (959) | 3,387 |
| Iarmhéid ag tús na bliana | | 11,366 | 7,979 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | 10,407 | 11,366 |

## Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2011 €'000 | An 31 Nollaig 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| (Easnamh)/(Barrachas) don bhliain airgeadais | | (959) | 3,387 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsin | 9 | 1,838 | 71,517 |
| Athruithe i dtoimhdí is bun le luach reatha na ndliteanas pinsin | 9 | (43,171) | (68,898) |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | | (41,333) | 2,619 |
| Coigeartú do mhaoiniú pinsin iarchurtha | | 41,333 | (2,619) |
| (Caillteanas)/Barrachas Iomlán Aitheanta don bhliain | | (959) | 3,387 |

Baineann na méideanna thuas ar fad le hoibriúcháin leantacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir

# An Clár Comhardaithe
## Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2011 €'000 | An 31 Nollaig 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 14 | 95,209 | 95,204 |
| Sócmhainní airgeadais | 15 | 2 | 2 |
| | | 95,211 | 95,206 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 17 | 4,755 | 4,662 |
| Féichiúnaithe | 18 | 10,842 | 10,597 |
| Iarmhéideanna bainc | | 20,910 | 18,925 |
| Taiscí gearrthréimhseacha | | 784 | 2,178 |
| | | 37,291 | 36,362 |
| **Creidiúnaithe** - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 19 | 14,418 | 15,072 |
| Ioncam iarchurtha | 20 | 12,468 | 9,926 |
| | | 26,886 | 24,998 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 10,405 | 11,364 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin** | | 105,616 | 106,570 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | 9 | 937,296 | 880,648 |
| Dliteanais phinsin | 9 | (937,296) | (880,648) |
| | | 0 | 0 |
| **Glansócmhainní** | | 105,616 | 106,570 |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| Cuntas caipitil | 12 | 95,209 | 95,204 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 10,407 | 11,366 |
| | | 105,616 | 106,570 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2011 €'000 | An 31 Nollaig 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| Imréiteach farasbairr oibriúcháin le glanshreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | | |
| (Easnamh)/Barrachas Oibriúcháin | | (959) | 3,387 |
| Dímheas | 14 | 7,054 | 7,298 |
| Aistriú go dtí/(ón) cuntas caipitil | 12 | 5 | (4,578) |
| Ús faighte | | (565) | (471) |
| Brabús ar dhíol sócmhainní seasta | | (1,066) | (905) |
| Laghdú/(Méadú) ar stoic | | (93) | 320 |
| (Méadú)/Laghdú ar fheichiúnaithe | | (245) | 549 |
| (Laghdú)/Méadú ar chreidiúnaithe agus dliteanais fhadtréimhseacha | | (654) | 1,643 |
| (Méadú)/Laghdú ar ioncam iarchurtha | | 2,542 | (153) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 6,019 | 7,090 |

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| | Nótaí | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|
| Glan-in-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 6,019 | 7,090 |
| Toradh ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas | | | |
| Ús faighte | | 565 | 471 |
| Glan-insreabhadh ó thorthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas | | 565 | 471 |
| Gníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | 14 | (7,600) | (2,875) |
| Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe | | 1,607 | 1,060 |
| Glan-eis-sreabhadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (5,993) | (1,815) |
| Méadú ar airgead tirim | 24 | 591 | 5,746 |
| Imréiteach glansreafa le gluaiseacht i nglanchistí | | | |
| Méadú ar airgead tirim | 24 | 591 | 5,746 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | | 21,103 | 15,357 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig | | 21,694 | 21,103 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1-28.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach

An tOllamh Gerry Boyle
Stiúrthóir

1 Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia)

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht, aistríodh sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Fhorais Talúntais go Teagasc nuair a bunaíodh é. Eilíonn Acht 12 den Acht go gcoinneofar Cuntais i bhfoirm a fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a fhaomhadh le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Tugadh an faomhadh seo an 14 Lúnasa 1998.

2 Maoiniú Stáit

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cuimsíonn an méid a thaispeáintear faoin gceannteideal seo: | | |
| Vóta 31: Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia | | |
| Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta | 82,602 | 83,390 |
| Deontas i gcabhair chun críocha aoisliúntais | 37,554 | 30,775 |
| Deontas i gcabhair chun críche acmhainní daonn | 12,000 | 12,000 |
| Taighde bia agus taighde talmhaíochta | 4,654 | 4,406 |
| Clár comhthaighde Stimulus | 1,964 | 2,829 |
| Scéim Taifeadta Leasa Ainmhí agus Póraithe | 0 | 513 |
| Deontas do phoiblíocht agus d'fheasacht agus d'oiliúint foraoiseachta | 630 | 74 |
| | 139,404 | 134,653 |

3 Maoiniú an AE

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam an tSuirbhé ar Fheirmeacha | 157 | 102 |
| INTERREG | 225 | 151 |
| Creatchlár VII | 275 | 953 |
| Creatchlár VII | 1,118 | 347 |
| | 1,775 | 1,553 |

B'iad na Creatchláir na príomhuirlisí airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, a chuimsíonn na disciplíní eolaíocha go léir nach mór. Cuimsíonn Creatchláir tréimshe cúig bliana ina bhforluíonn an bhliain dheireanach de Creatchlár amháin agus an chéad bhliain den Creatchlár a leanann é a chéile. Lean Creatchlár VI ar aghaidh go deireadh 2006. Thosaigh Creatchlár VII an 1 Eanáir 2007 agus leanfar leis go dtí deireadh 2013.

Déanann Teagasc taighde arna mhaoiniú ag an AE trí mheán na gCreatchlár. Cuirtear san áireamh deontais maidir le taighde dá leithéid mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach tabhaithe.

4 Ioncam oibriúcháin

| | Oibriúcháin €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Táillí seirbhíse comhairlí | 0 | 10,225 | 440 | 10,665 | 11,371 |
| Táillí eile | 1 | 2,963 | 6,941 | 9,905 | 8,650 |
| Trádáil beostoic (Nóta 7) | 0 | 706 | 2,454 | 3,160 | 2,010 |
| Oibriúcháin feirmeoireachta eile | 0 | 818 | 2,090 | 2,908 | 2,436 |
| Fáltais cheaintín | 0 | 109 | 114 | 223 | 219 |
| Foilseacháin agus ilghnéitheach | 1,000 | 404 | 278 | 1,682 | 1,395 |
| | 1,001 | 15,225 | 12,317 | 28,543 | 26,081 |

5 Caiteachas

| | Oibriúcháin €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Pá (Nóta 8) | 4,863 | 35,874 | 36,915 | 77,652 | 79,709 |
| Pinsin (Nóta 9) | 58,013 | 0 | 0 | 58,013 | 60,549 |
| Taisteal agus cothabháil * | 256 | 1,720 | 1,968 | 3,944 | 3,840 |
| Staff Training | 232 | 115 | 160 | 507 | 407 |
| Costais ghinearálta oibriúcháin (Nóta 6) | 5,256 | 9,030 | 19,727 | 34,013 | 26,728 |
| Táillí agus úis agus léasa | 34 | 0 | 85 | 119 | 27 |
| Dímheas (Nóta 14) | 192 | 1,343 | 5,519 | 7,054 | 7,298 |
| Deontais do choláistí príobháideacha eile (Nóta 16) | 0 | 3,567 | 0 | 3,567 | 3,539 |
| Deontais eile | 66 | 481 | 4,129 | 4,676 | 4,695 |
| | 68,912 | 52,130 | 68,503 | 189,545 | 186,792 |

| * Taisteal agus cothabháil | Intíre €'000 | Iasachta €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothabháil | 1,187 | 233 | 1,420 | 1,199 |
| Mótarthaisteal | | | 2,290 | 2,443 |
| Aerlíne agus Báid Farantóireachta | | | 234 | 198 |
| | | | 3,944 | 3,840 |

6 Anailís ar chostais oibriúcháin ghinearálta

| | Oibriúcháin €'000 | Aistriú Eolais €'000 | Taighde €'000 | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthairtí/seirbhísí feirmeoireachta | 1 | 899 | 2,805 | 3,705 | 3,337 |
| Cothabháil/deisiúcháin | 831 | 3,174 | 6,964 | 10,969 | 5,147 |
| Cíosanna/rátaí/árachais | 52 | 781 | 1,668 | 2,501 | 2,380 |
| Postas/gutháin | 566 | 1,033 | 305 | 1,904 | 2,170 |
| Cumhacht/breosla/peitreal | 127 | 778 | 1,584 | 2,489 | 2,285 |
| Soláthairtí saotharlainne | 0 | 9 | 2,653 | 2,662 | 3,669 |
| Priontáil/stáiseanóireacht/poiblíocht | 1,088 | 822 | 409 | 2,319 | 1,740 |
| Soláthairtí seimineáir/seomra ranga/leabharlainne | 55 | 357 | 694 | 1,106 | 869 |
| Seirbhísí gníomhaireachtaí eachtracha | 0 | 361 | 732 | 1,093 | 843 |
| Soláthairtí ceaintín na mac léinn agus na foirne | 43 | 322 | 272 | 637 | 713 |
| Soláthairtí/seirbhísí TFC | 1,836 | 94 | 282 | 2,212 | 1,376 |
| Táillí dlí/gairmiúla (Nóta 10) | 651 | 293 | 799 | 1,743 | 1,232 |
| Costais ilghnéitheacha na gclár | 4 | 96 | 541 | 641 | 837 |
| Teagmhais speisialta agus ilghnéitheach | 2 | 11 | 19 | 32 | 130 |
| | 5,256 | 9,030 | 19,727 | 34,013 | 26,728 |

7 Farasbarr trádála beostoic

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Díolacháin | 3,149 | 2,322 |
| Deontais agus fóirdheontais | 621 | 597 |
| Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic | 3,770 | 2,919 |
| Stoc tosaigh | 3,910 | 4,260 |
| Ceannacháin | 660 | 559 |
| | 4,570 | 4,819 |
| Lúide: Stoc deiridh | (3,960) | (3,910) |
| Costas iomlán díolachán beostoic | 610 | 909 |
| Farasbarr ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 4) | 3,160 | 2,010 |

8 Foireann

Seo a leanas an meánlíon foirne a fostaíodh i rith na bliana:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Gairmiúil | 660 | 655 |
| Teicniúil | 164 | 172 |
| Riarachán/cléireachas | 233 | 261 |
| Feirm/teaghlaigh | 203 | 248 |
| | 1,260 | 1,336 |

B'é luach saothair an Stiúrthóra mar a leanas:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Bunphá | 153 | 151 |
| Sochar comhchineáil (Gluaisteán) | 10 | 12 |
| | 163 | 163 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra scéim aoisliúntais shamhlach sochair shainithe na hearnála poiblí.

In 2011, rinneadh íocaíochtaí iomarcaíochta €109,319 ar an iomlán le hiarbhaill foirne nár ceapadh roimhe seo a bhí i dteideal na n-íocaíochtaí iomarcaíochta sin. Bhí éileamh déanta ag na hiarbhaill foirne ar íocaíochtaí iomarcaíochta ó Theagasc in 2010. B'ionann an méid a fabhraíodh i ráitis airgeadais 2010 agus €90,000.

Asbhaineadh tobhaigh phinsin €5,094,797 as tuarastail agus íocadh iad leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

9 Aoisliúntas

Forálann Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988 do bhunú scéimeanna do dheonú sochar aoisliúntas maidir le baill foirne ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe go Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais.

Go dtí go ndéanfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tAire Airgeadais agus an tOireachtas dréachtscéimeanna aoisliúntais a fhaomhadh, reachtálann Teagasc scéimeanna aoisliúntais ar bhonn riaracháin.

Riarann Teagasc dhá scéim aoisliúntais freisin (Scéim Aoisliúntais Bhaill Foirne na gColáistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Pinsin Ranníocaigh Talmhaíochta Chéilí agus Leanaí na gColáistí Talmhaíochta 1985) maidir le roinnt ball foirne a bhí fostaithe ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, agus is é an Státchiste atá freagrach as costas a dtuarastal trí ghníomhaireacht Theagaisc.

Scéimeanna sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Ní choimeádtar aon chistiú ar leith, agus níl aon sócmhainní faoi sheilbh, chun íocaíocht na bpinsean agus na n-aiscí a mhaoiniú. Léirítear meastachán achtúireach na ndliteanas amach anseo atá ag fabhrú i dtaca le sochair ar an gClár Comhardaithe.

B'ionann an meánlíon pinsin mhíosúla a íocadh le linn na bliana agus 1,584 (2010 – 1,564).

Costais aoisliúntais

(i) Anailís ar chostais iomlán na bpinsean a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 15,492 | 14,251 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 46,483 | 50,450 |
| Ranníocaíochtaí foirne | (3,962) | (4,152) |
| | 58,013 | 60,549 |

(ii) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin i rith na bliana airgeadais

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsin an 1 Eanáir | 880,648 | 863,106 |
| Costas seirbhíse reatha | 15,492 | 14,251 |
| Sochair íoctha | (46,660) | (44,540) |
| Ús ar dhliteanais scéime | 46,483 | 50,450 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach | 41,333 | (2,619) |
| Glandliteanas pinsin an 31 Nollaig | 937,296 | 880,648 |

(iii) Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin

Aithníonn Teagasc mar shócmhainn méid comhfhreagrach don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn shraith na dtoimhdí a ndearnadh cur síos orthu thuas agus roinnt teagmhas caite. Cuimsíonn na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le maoiniú pinsin seirbhíse poiblí le ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil san áireamh. Agus comhaontú foirmiúil i dtaobh na méideanna ar leith seo gan a bheith leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag freastal ar a leithéid de mhéideanna mar is amhlaidh faoi láthair.

Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin sa bhliain

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le pinsin na bliana reatha | 61,975 | 64,701 |
| Acmhainní curtha chun feidhme chun pinsin a íoc | (46,660) | (44,540) |
| | 15,315 | 20,161 |

B'í an tsócmhainn mhaoinithe iarthurtha do phinsin an 31 Nollaig 2011 €037 milliún (2010 - €881 milliún).

(iv) Stair na ndualgas sochair sainithe

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 1,838 | 71,517 | 22,535 |
| Céatadán de luach reatha dliteanas scéime | 0.2% | 8.1% | 2.6% |
| | | | |
| Athruithe i dtoimhdí | (43,171) | (68,898) | 672 |
| Céatadán de luach reatha dliteanas scéime | 4.6% | 7.8% | 0.001% |
| | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach aitheanta sa STRGL | (41,333) | 2,619 | 23,207 |

Is é an gnóthachan achtúireach carnach aitheanta i Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta ná €111.794 milliún.

(v) Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Is socrú pinsin chríochthuarastail sochair shainithe í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí sainmhínithe le tagairt do rialacháin reatha shamhlacha scéime na hearnála poiblí. Cuireann an scéim pinsin ar fáil (an t-ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is í 65 bliain d'aois an aois scoir do bhaill go hiondúil agus tá baill a tháinig isteach roimh 2004 i dteideal éirí as gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn íocaíochtaí pinsin (agus iarchur íocaíochtaí) de ghnáth de réir mar a tharlaíonn boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí ginearálta.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtaí FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 21Eanáir 2010 chun riachtanais FRS17 (athcheartaithe) a chur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31Nollaig 2009.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais faoi FRS17 a ríomh:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | % in aghaidh na bliana | % in aghaidh na bliana |
| Méadú ar an ráta boilscithe | 2.00 | 2.00 |
| Méadú ar an ráta tuarastail | 3.50 | 3.50 |
| Méadú ar an ráta pinsin | 3.50 | 3.50 |
| Ráta lascaine na ndliteanas scéime | 5.00 | 5.30 |

Cuireann an ráta báis a glacadh feabhsúcháin san áireamh a bhaineann le hionchas saoil in am is i dtráth, sa chaoi is go mbraithfidh ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain a shroicheann ball aois scoir (65 bliain). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a shroicheann 65 bliain d'aois sna blianta 2011 agus 2036.

| Bliain a shroichtear 65 bliain d'aois | 2011 | 2036 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 87.8 | 90.1 |
| Ionchas saoil – mná | 89.5 | 92.0 |

Bunaithe orthu seo agus ar thoimhdí eile agus ag cur chun feidhme an mhoidh aonaid réamh-mheasta fhorordaithe in FRS17, seo a leanas luach reatha dhliteanais na scéime pinsin:

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Dliteanais carntha maidir le baill ghníomhacha scéime | 247,091 | 454,737 |
| Dliteanais maidir le pinsinéirí reatha agus pinsin iarchurtha | 690,205 | 425,911 |
| Dliteanas fabhraithe iomlán pinsin | 937,296 | 880,648 |

10 Táille iniúchta
Áiríodh soláthar de €47,470 sa chaiteachas maidir le luach saothair an iniúchóra do 2011 (2010 – €47,470).

### 11 Táillí agus luach saothair an Údaráis

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Cawley, an Dr Noel, Cathaoirleach | 21 | 21 |
| Brett, an tUas. James | 12 | 12 |
| Christie, an tUas. Marie | 10 | 12 |
| Fitzgerald, an tUas. Joe | 9 | 12 |
| Collins, an tUas. Tom | 12 | 11 |
| Downey, an tUas. Eddie | 12 | 12 |
| Fottrell, an tUas. Patrick | 12 | 12 |
| Cooke, an tUas. Tommy | 3 | 0 |
| Gibbons, an tUas. Pádraig | 12 | 12 |
| Heraghty, an tUas. Martin | 0 | 0 |
| O'Mahony, an tUas. Frank | 12 | 12 |
| Sweeney, an tUas. Margaret | 12 | 12 |
| | 127 | 128 |
| Áirítear na méideanna seo i gcaiteachas iomlán pá i Nóta 5 | | |
| Speansais iomlána íoctha le baill an Údaráis | 36 | 29 |

### 12 Cuntas caipitil

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 95,204 | 99,782 |
| Aistrithe ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | | |
| Méid caipitilithe maidir le sócmhainní ceannaithe | 7,600 | 2,875 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | ( 541) | (155) |
| Aisíocaíochtaí iasachta réadmhaoine | 0 | 0 |
| | 7,059 | 2,720 |
| Lúide: Amúchta de réir dímheas sócmhainní | (7,054) | (7,298) |
| | 5 | (4,578) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 95,209 | 95,204 |

### 13 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Cuimsíonn farasbarr carnaithe an Údaráis brabúis arna dtabhairt chuig ioncam maidir le díolacháin talún a úsáideadh agus a úsáidfear d'fhonn infheistíocht chaipitil. Caithfear cead an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Aire Airgeadais a áirithiú i gcás gach birt díola má tá Teagasc chun na fáltais a choimeád d'infheistiú i gclár Theagaisc.

| € | Buiséad do Thionscadal €'000 | Infheistith 31Dec 2011 €'000 | Buiséad Comhlán €'000 |
|---|---|---|---|
| D'áirigh Teagasc cead infheistiú sna tionscadail seo a leanas atá sceidealaithe nó faoi shiúl: | | | |
| Ionad Eolaíochta Bithí Ainmhithe, an Ghráinseach, Contae na Mí | 4,600 | 3,818 | 782 |
| Áiseanna Taighe Caorach, Baile Átha an Rí | 850 | 22 | 828 |
| Áiseanna Mic Léinn, Garraithe na Lus | 2,500 | 0 | 2,500 |
| Feirm Taispeántais/Teicneolaíochta | 170 | 36 | 134 |
| | | | 4,244 |
| Chuir Teagasc iarratas isteach ach níor áirigh sé cead fós chun cistí iarmharacha ar láimh i ndiaidh tionscadail chaipitiúla a chríochnú laistigh de bhuiséad agus/nó an tionscadal a athdhearadh ar costas níos ísle | | | 2,449 |
| Chuir Teagasc iarratas isteach ach níor áirigh sé cead fós na fáltais a choimeád ó 2 dhíolachán a comhlíonadh i 2009/2010/2011 (Nóta 25) | | | 2,690 |
| a áirítear sa bharrachas carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 9,383 |

| 14 Sócmhainní seasta inláimhsithe | Talamh €'000 | Foirgnimh €'000 | Gléasra agus Trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Ag tús na bliana | 5,810 | 109,174 | 65,143 | 180,127 |
| Breiseanna | 0 | 3,707 | 3,893 | 7,600 |
| Diúscairtí | 0 | (936) | (807) | (1,743) |
| Ag deireadh na bliana | 5,810 | 111,945 | 68,229 | 185,984 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag tús na bliana | 0 | 37,895 | 47,028 | 84,923 |
| Muirear don bhliain | 0 | 2,799 | 4,255 | 7,054 |
| Diúscairtí | 0 | (540) | (662) | (1,202) |
| Ag deireadh na bliana | 0 | 40,154 | 50,621 | 90,775 |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| Ag tús na bliana | 5,810 | 71,279 | 18,115 | 95,204 |
| Ag deireadh na bliana | 5,810 | 71,791 | 17,608 | 95,209 |

San áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh tá 522.8 heicteár talún (1,291.3 acra) aistrithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag luachanna ainmniúla, agus sócmhainní áirithe eile a athluacháladh an 31 Nollaig 1975 nó an 1 Iúil 1980.

Tá Teagasc in ann úsáid a bhaint as 38.0 heicteár (94 acra) talún ar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara í, agus tá cead ag an Roinn 27.1 heicteár talún (67 acra) a úsáid atá faoi úinéaracht Theagaisc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí ag eascairt as na socruithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe ar iontaoibh do Theagasc arna gcosaint faoi reacht, agus níl cead iad a dhíol.

15 Sócmhainní airgeadais

Tá sealúchas 57% ag Teagasc sa scairchaipiteal íoctha de Moorepark Technology Limited (5,100 scair ag €0.127). Is comhfhiontar í an Chuideachta, a ionchorpraíodh an 18 Eanáir 1991, idir Teagasc agus comharchumainn talmhaíochta éagsúla.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais iniúchta faoi leith maidir leis an gCuideachta agus b'iad seo a leanas a cuid torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011:

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | 1,351 | 1,407 |
| Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin | 348 | 338 |
| Dímheas (tar éis deontas amúchta) | (260) | (261) |
| Fáltais Úis | 5 | 1 |
| Cáin | (1) | 0 |
| Brabús i ndiaidh cánachais | 92 | 78 |
| Brabúis charntha go dtí an 31 Nollaig | 205 | 113 |

Athluadh láimhdeachas na Cuideachta le suim a léiriú a rinneadh a shláiniú i leith costas sa bhliain sin. Sa mhullach air sin, coigeartaíodh brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin le haghaidh 2010 de chuid na cuideachta chun soláthar a léiriú do dhrochfhiacha nár áiríodh sa bhrabús arna thuairisciú don bhliain sin sa nóta le ráitis airgeadais Theagaisc 2010.

Forálann Meabhrán Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ar rátaí fabhracha.

B'iad seo a leanas na hidirbhearta trádála idir Teagasc agus Moorepark Technology Limited (atá comhdhéanta de chomhairleacht, d'anailís agus d'úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

| | 2011<br>€'000 | 2010<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díolacháin Moorepark Technology Limited do Theagasc (san áireamh sa láimhdeachas) | 403 | 319 |
| Forchúitimh eile ó Theagasc (asbhainte ó chostas díolachán) | 118 | 157 |
| Iomlán | 521 | 476 |
| Méideanna dlite le Moorepark Technology Limited an 31 Nollaig | 65 | 97 |
| Díolacháin Teagaisc le Moorepark Technology Limited | 67 | 53 |
| Méideanna dlite le Teagasc an 31 Nollaig | 9 | 18 |

Faoi théarmaí Chomhaontú Thionscnóirí Moorepark Technology Limited, gheall Teagasc riachtanais shonraithe foirne a chur ar fáil do Moorepark Technology Limited as a chuid acmhainní féin, chomh maith le forchostais na Cuideachta maidir le fóntais, stórais, cuntais agus eisilteach a fhrithghealladh. B'iad seo a leanas na costais seo:

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Foireann | 196 | 98 |
| Eile | 27 | 65 |

Áirítear na hiomláin seo i gcaiteachas Teagaisc faoi Thaighde Bia (Nótaí 5 agus 6).

Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní in úinéaracht Teagaisc mar a leanas:

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Costais thosaigh | 1,196 | 1,196 |
| Glanluach Leabhar an 31 Nollaig | 6 | 19 |

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus Trealamh (féach Nóta 14 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, léasaigh Teagasc do Moorepark Technology Limited freisin ar chíos ainmniúil de €127 in aghaidh na bliana a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha mar aon le suíomh taobh leis a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta air.

Measadh nár chuí torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

Tá trí infheistíocht bheag ag Teagasc i gcomharchumainn thalmhaíochta ar chostas €1,243 ar fad (2010 - €1,243).

## 16 Choláistí Príobháideacha

Tugann Teagasc tacaíocht do thrí choláiste príobháideacha mar a leanas:

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Deontais do choláistí príobháideacha | 3,567 | 3,539 |
| Baill foirne ar iasacht ag coláistí príomháideacha (áirítear iad sa chaiteachas pá iomlán i Nóta 5 thuas) | 369 | 285 |
| | 3,936 | 3,824 |

## 17 Stoic

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Beostoc | 3,960 | 3,909 |
| Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe | 524 | 510 |
| Soláthairtí ginearálta | 271 | 243 |
| | 4,755 | 4,662 |

18 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 5,066 | 4,938 |
| Féichiúnaithe eile, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 5,776 | 5,659 |
| | 10,842 | 10,597 |

Tá na méideanna uile áirithe thuas dlite laistigh de bhliain amháin.

19 Creidiúnaithe - Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 1,738 | 1,881 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | 1,463 | 1,238 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 1,109 | 966 |
| Cáin bhreisluacha | 280 | 283 |
| Cáin shiarchoinneálach | 242 | 96 |
| Creidiúnaithe eile agus fabhruithe | 9,586 | 10,608 |
| | 14,418 | 15,072 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach atá áirithe thuas | 3,094 | 2,583 |

20 Ioncam iarchurtha

Déanann Teagasc taighde maoinithe go poiblí de réir conarthaí le hInstitiúidí Stáit eile, go príomha an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Cuirtear deontais maidir le taighde dá leithéid san áireamh mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach faoi gach conradh tabhaithe.

Amhail an 31 Nollaig, b'iad foinse agus méid an ioncaim iarchurtha maidir le taighde agus tionscadail eile mar a leanas:

| | 2011 €'000 | 2010 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – airleacan do thionscadail FIRM | 2,782 | 1,317 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – airleacan do thionscadail Stimulus | 2,254 | 1,745 |
| Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa – Feachtas Sábháilteachta Bia | 166 | 282 |
| Iarchurtha eile a bhain le taighde | 6,152 | 5,468 |
| Méideanna faighte roimh ré d'obair a bhain le cur i gcrích díol talún ag Baile Átha an Rí | 1,114 | 1,114 |
| | 12,468 | 9,926 |

21 Léasanna airgeadais

An 31 Nollaig 2009, ní raibh aon oibleagáidí ag Teagasc faoi léasanna airgeadais (2010 - Nialas)

Níor gearradh aon muirir airgeadais i rith na bliana faoi léasanna airgeadais (2010 - Nialas).

### 22 Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil le híoc an 31 Nollaig 2011 (2010 - €3.44 milliún).

### 23 Léasanna oibriúcháin

Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí ceangaltais bhliantúla ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chealú mar a leanas:

| | Talamh agus forgnimh €'000 | Gléasra agus innealra €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Léasanna atá ag dul in éag: | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 109 | 19 | 128 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 167 | 83 | 250 |
| Tar éis cúig bliana | 27 | 0 | 27 |
| | 303 | 102 | 405 |

### 24 Anailís ar athruithe sna glanchistí i rith na bliana

| | An 1 Ean 2011 €'000 | Sreabhabh airgid €'000 | An 31 Nol 2011 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 18,925 | 1,985 | 20,910 |
| Rótharraingt bhainc | 0 | 0 | 0 |
| Taiscí gearrthréimhseacha | 2,178 | (1,394) | 784 |
| | 21,103 | 591 | 21,694 |

### 25 Diúscairt Sócmhainní Seasta

| | Fáltais/ Costais €'000 | Fáltais/ Costais €'000 |
|---|---|---|
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine | | |
| Díolacháin réadmhaoine le linn na bliana | 1,625 | |
| Costas díolachán | (144) | 1,481 |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní eile | | 126 |
| Glanluach Leabhar sócmhainní seasta eile diúscartha | | 1,607 |
| Sócmhainní réadmhaoine | (396) | |
| Sócmhainní eile | (145) | (541) |
| | | 1,066 |

Ní raibh aon aistriú don Státchiste d'fháltais díola sócmhainní i 2011.

26 Áitreabh Theagaisc

Tá ag Teagasc 58 oifig/ionad ar fud na tíre, agus tá 52 díobh faoi úinéireacht Theagaisc agus tá na 6 cinn eile díobh faoi shocruithe gearrthréimhseacha cíosa lena mbaineann costas iomlán bliantúil €167,000. Beidh gach ceann de na socruithe cíosa seo éagtha laistigh de na 5 bliana amach romhainn.

27 Baill an Údaráis – nochtadh idirbheart

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ó bhaill an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas ag baill den bhord.

28 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomhaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais an 7 Márta 2011.